




Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna



Cóipcheart © 2008, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

ISBN: 978-0-9553409-3-2

Tá cuntas ginearálta sna Treoirí seo ar reachtaíocht agus ar ionstraimí dlíthiúla iomchuí agus ní léiriú iomlán nó cinntitheach ar an dlí iad. Ba chóir sainchomhairle dlí a fháil i gcás ina bhfuil ceistanna ag Bord Bainistíochta maidir le gnéithe áirithe den dlí nó i ndáil le cúinsí ar leith.

Brollach

Tá na Treoirínte seo, arna bhfoilsíú againn maidir le cóid iompair a fhorbairt, ina snáithe eile den straitéis iomlán atá ag an BNLO tacú le freastal agus rannpháirtíocht scoile.

Sa lá atá inniu ann, is tasc ríthábhachtach do scoileanna freagracht phearsanta a spreagadh agus a fhorbairt ina gcuid mac léinn maille le freagracht i leith daoine eile, agus tá tacaíocht agus meas an phobail uile ag dul do Bhoird Bhainistíochta, do Phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí as ucht na hoibre seo.

Tugaimid aitheantas, sna Treoirínte seo, do thábhacht cheannaireacht na mBord Bainistíochta agus na bPríomhoidí agus is mór againn rannpháirtíocht an uile dhuine i bpobal na scoile, go háirithe na mic léinn iad féin, i múnlú na timpeallacha scoile agus a chinntiú go bhfuil sí ina háit shonasach do chách le bheith ag teagasc agus ag foghlaim.

Tá cód iompair ag beagnach gach scoil, de réir mar a éilítear orthu de réir dlí. Beidh Treoirínte an BNLO ina dtacaíocht thábhachtach do scoileanna de réir mar a oibríonn siad gan stad gan staonadh leis na mic léinn agus lena dteaghlaigh chun a chinntiú gur féidir leis an gcód iompair an timpeallacht oideachais is fearr agus is féidir a bhaint amach don scoil.

Ullmhaíodh na Treoirínte le cúnamh an tSainghrúpa a chuir an Bord ar bun, le hionchuir fhadréimseacha ó fhorais bhainistíochta, ó cheardchumainn na múinteoirí, ó eagraíochtaí tuismitheoirí, ó mhic léinn, ón Roinn Oideachais & Eolaíochta agus ó ghníomhaireachtaí agus ó sheirbhísí, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó ghníomhaireachtaí Stáit agus ón iliomad rannpháirtithe eile. A bhuíochas leis an gcur chuige cuimsitheach seo beidh scoileanna in ann an t-uasleas a bhaint astu.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann an BNLO agus leis na cleachtóirí uile a thacaigh leis an obair d'fhonn na Treoirínte seo a ullmhú.



Cathal Flynn

Cathaoirleach
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Bealtaine 2008

Clár na nÁbhar

Brollach	iii
1 Réamheolas maidir leis na Treoirínte	1
2 Iniúchadh agus athbhreithniú ar an gcód iompair	11
3 Prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag cód iompair éifeachtach	21
4 Iompar a thuiscint	25
5 Cur chuige sa scoil uile i ndáil leis an gcód iompair	31
6 Caighdeán iompair a leagan síos	35
7 Dea-iompar a chothú	41
8 Freagairt d'iompar míchuí	45
9 An cód iompair a chur i ngníomh	57
10 Fionraithe agus díbirtí: ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla	65
11 Fionraí	71
12 Díbirt	83
Aguisín: An Sainghrúpa	93
Leabharliosta	94

Treoir maidir le Téarmaí sna Treoirlínte

Tuismitheoir

Sna Treoirlínte glactar le léiriú dlíthiúil an fhocail tuismitheoir mar atá leagtha síos san *Acht Oideachais, 1998*:

*folaíonn **tuismitheoir** tuismitheoir altrama, caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach;*

An tAcht Oideachais, 1998

Mic Léinn

D'fhonn a bheith de réir na téarmaíochta a úsáidtear sa reachtaíocht a bhfuil na Treoirlínte seo bunaithe uirthi, ciallaíonn **mac léinn** aon leanbh nó duine óg atá rollaithe i mbunscoil nó in iar-bhunscoil aitheanta.

Scoil

Baineann na Treoirlínte le haon scoil aitheanta ina gcuirtear bunoidéachas nó iar-bhunoideachas ar fáil.

Bord Bainistíochta

Sna Treoirlínte seo, tagraíonn **Bord Bainistíochta** do Bhord Bainistíochta nó struchtúr coibhéiseach a aithnítear faoi alt 14 den *Acht Oideachais, 1998*.

Úsáid ní foláir agus ba chóir


Sna Treoirlínte seo, úsáidtear an téarma **ní foláir** chun oibleagáidí dlíthiúla a chur in iúl; úsáidtear an téarma **ba chóir** chun ionchais na dTreoirlínte i leith na scoileanna a chur in iúl.

Giorrúcháin

ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
OLO	Oifigeach Leasa Oideachais
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
SNSO (NEPS)	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
BNLO	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
CG (VEC)	Coiste Gairmoideachais

1

Réamheolas maidir leis na Treoirínte



Réamheolas maidir leis na Treoirlínte

1.1 Cén fáth Treoirlínte?

Faoi alt 23 den *Acht Oideachais (Leas), 2000* ní foláir do Bhord Bainistíochta gach scoile cód iompair dá mhic léinn a ullmhú agus a chur ar fáil. Éilíonn an tAcht go n-ullmhófaí an cód iompair scoile de réir Treoirlínte n-arna eisiúint ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO).

Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint ag an BNLO chun cuidiú le scoileanna a gcóid iompair a ullmhú.

1.2 An cód iompair

Is é atá sa chód iompair ná sraith clár, cleachtas agus nósanna imeachta a chuimsíonn plean na scoile cuidiú le mic léinn a bheith dea-iompartha agus foghlaim go maith ar scoil.

Cuidíonn an cód iompair le pobal na scoile éiteas, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais na scoile a chothú a spreagann dea-iompar agus a choisceann iompar do-ghlactha. Cuidíonn an cód iompair le múinteoirí, agus le baill foirne eile, le mic léinn agus le tuismitheoirí oibriú lena chéile d'fhonn scoil éifeachtach shlán a bheith ann.

Cuirtear in iúl sa chód fíis, misean agus luachanna na scoile agus a Pátrúin. Fíoraíonn sé ionchais na foirne, na dtuismitheoirí agus na mac léinn ina socruithe praiticiúla a chuideoidh lena chinntiú go bhfuil leanúnachas teagasc ann do na mic léinn uile. Cuidíonn sé scoil chomhchuí atá faoi smacht a chothú áit a mbítear ag súil le caighdeáin arda iompair agus áit a dtacaítear leis an ionchas sin.

Cuireann an cód iompair ar chumas údaráis na scoile cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir an dualgas atá ar an scoil timpeallacht foghlama éifeachtach a chothabháil le haghaidh gach mic léinn faoina cúram agus a freagracht i leith na mac léinn sin ar dúshlán é a n-iompar don teagasc agus don phróiseas foghlama. Is uirlis thábhachtach an cód iompair i gcumasú údaráis na scoile tacú le gach mac léinn sa scoil.

Féadfaidh sé a bheith ina dhúshlán do scoileanna timpeallacht chomhchuí a chothabháil toisc riachtanais a bheith in iomaíocht lena chéile, brúnna ama agus acmhainneacht éagsúil nó ullmhacht foghlama. Is féidir le cód iompair a chaitheadh tacú leis an bpobal sa scoil uile cuidiú go mór le scoileanna dul i ngleic go sásúil leis an dúshlán seo.

1.3 Ábhar an chóid iompair

Leagann an *tAcht Oideachais (Leas), 2000* amach nithe ar leith a chaithfear a bheith san áireamh i gcód iompair. De réir Alt 23(2) den *Acht Oideachais (Leas), 2000*:

(2) *Sonrófar na nithe seo a leanas i gcód iompair—*

- (a) *na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;*
- (b) *na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeáin sin a urramú;*

(c) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann;

(d) na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn; agus

(e) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

D'fhonn na ceanglais seo a chomhlíonadh, agus ionas go mbeadh an deis is fearr ann a gcuspóirí a bhaint amach, ba chóir don chód iompair aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- na caighdeáin iompair a bhfuiltear ag súil leo sa scoil
- an plean atá ann chun dea-iompar a chothú
- na bealaí ina bhfreagraíonn an scoil d'iompar do-ghlactha
- an plean atá ann leis an gcód iompair a chur i ngníomh
- nósanna imeachta na scoile maidir le húsáid fionraí agus díbeartha.

Tá treoir maidir le gach gné thuasluaite den chód iompair ar fáil sna Treoirlínte seo.

1.4 Cuspóir na dTreoirlínte

Leagann na Treoirlínte amach creatlach le haghaidh an dea-chleachtas chun cuidiú le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna agus a gcód iompair féin á fhorbairt acu den chéad uair, nó daingniú a dhéanamh ar chód iompair atá acu cheana féin.

Feidhmíonn scoileanna i dtimpeallacht chasta dlíthiúil. Ní foláir don chód iompair forálacha a chomhlíonadh i ndlíthe éagsúla, chomh maith le raon forálacha Reachtúla agus Coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar ghlac Éire leo. An aidhm atá ag na Treoirlínte ná cuidiú le Boird Bhainistíochta agus le Príomhoidí feidmiú de réir a n-oibleagáidí dlíthiúla agus iad ag ceapadh a gcód iompair. Sa chomhthéacs seo, chomhshnaidhm na Treoirlínte eolas maidir leis na forálacha dlíthiúla agus reachtúla is iomchuí. Tá liosta den *reachtaíocht agus na hionstraimí dlíthiúla iomchuí* ar leathanaigh 7-9 ag deireadh na caibidle seo.

Aithnítear sna Treoirlínte go bhfuil breithiúnas gairmiúil a chur i bhfeidhm mar bhunús le cleachtas éifeachtach i gcás an uile dhuine a oibríonn sa scoil. Ní foláir an breithiúnas sin a úsáid ar bhealach atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus ag teacht leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar Bhoird Bhainistíochta, agus próiseas cuntasachta a bheith ag gabháil leo.

1.5 Stádas na dTreoirlínte

Tá a mbunús ag na Treoirlínte sa dlí. Ní foláir an cód iompair a ullmhú de réir na dtreoirlínte.

Ullmhófar cód iompair de réir cibé treoirlínte a eiseoidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí.

An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 23 (3)

Gabhann na Treoirlínte in ionad na gCiorclán seo a leanas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE):

- Riall 130 (arna leasú ag Ciorclán 7/88) de *Rialacha do Scoileanna Náisiúnta*, sa mhéid a bhaineann leis na Treoirlínte seo
- Ciorclán 20/90: *Treoirlínte i dtreo polasaí dearfach d'iompar agus do chóras smachta scoile, agus cód iompair agus smachta molta do scoileanna náisiúnta*
- Ciorclán M33/91: *Treoirlínte i dtreo polasaí dearfach d'iompar agus do chóras smachta scoile, agus cód iompair agus smachta molta d'iar-bhunscoileanna.*

1.6 Na Treoirlíne a Úsáid

D'fhonn an *tAcht Oideachais (Leas), 2000* a chomhlíonadh, ba chóir don scoil a chinntiú go bhfuil a cód iompair ullmhaithe de réir na dTreoirlínte seo.

Tugann na Treoirlíne aitheantas do thréithe leithleacha sainiúla gach pobail scoile. Ba chóir go gcuirfeadh gach scoil na Treoirlínte i bhfeidhm ar bhealach a léiríonn agus a oireann d'éiteas na scoile agus do charachtair a pobail mac léinn, múinteoirí agus tuismitheoirí féin.

Ba chóir na Treoirlínte a úsáid chun:

- iniúchadh a dhéanamh ar chód iompair atá ann cheana féin
- athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh go rialta ar chód iompair atá ann cheana féin nó cód a fhorbairt den chéad uair
- plé leanúnach agus machnamh a chothú i leith iompair agus foghlama sa scoil.

Iniúchadh a dhéanamh ar chód iompair atá ann cheana féin

Éilítear ar Bhoird Bhainistíochta iniúchadh a dhéanamh ar an gcód iompair scoile atá ann cheana féin, mar chéim thosaigh i gcur i ngníomh na dTreoirlínte seo. Cuirfidh an t-iniúchadh ar chumas na scoile measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith is atá a cód iompair reatha ag teacht leis an dea-chleachtas agus ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla iomchuí.

Athbhreithniú ar chód iompair atá ann cheana féin nó cód iompair a fhorbairt den chéad uair

I gcás go sainaithnítear ón iniúchadh tosaigh gnéithe den chód iompair ar ghá athbhreithniú iomlán a dhéanamh orthu, ba chóir don Bhord Bainistíochta, in éineacht leis an bPríomhoide, na réimsí athbhreithnithe a chur in ord tosaíochta. I gcás go bhfuil forbairt an chóid iompair á maoirsiú ag an mBord Bainistíochta, ba chóir na Treoirlínte a úsáid mar uirlis chun tacú leis an obair forbartha.

Ba chóir do **phróiseas** fhorbairt nó athbhreithniú an chóid, agus **ábhar** an chóid iompair araon an dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirlínte a chur san áireamh. Ba chóir do na húdaráis scoile aird ar leith a thabhairt ar a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí dlíthiúla agus go bhfuil na nósanna imeachta scoile a thugann éifeacht do na hoibleagáidí dlíthiúla iomchuí ag cloí leis na Treoirlínte.

Ba chóir plean a ullmhú le dul i mbun an athbhreithnithe nó na forbartha, maille le hamscálaí don obair. Ba chóir go ndéanfadh an Bord Bainistíochta an plean a fhaomhadh agus glacadh leis.

Plé agus machnamh a chothú

Ar na haidhmeanna atá leis na Treoirlínte tá plé agus machnamh a chothú i measc múinteoirí agus na foirne eile, agus idirphlé idir an fhoireann, na mic léinn agus na tuismitheoirí, maidir leis an bpolasaí iompair sa scoil. Is féidir úsáid a bhaint as na Treoirlínte le cruinnithe faisnéise a chur ar bun agus plé agus díospóireacht a spreagadh maidir le cúrsaí iompair.

1.7 Ábhar agus struchtúr na dTreoirlínte

Caibidil 2 *Iniúchadh agus athbhreithniú ar an gcód iompair* – sa chaibidil seo tá comhairle maidir leis an bpróiseas le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair, le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha cóid nó cóid a fhorbairt den chéad uair.

Caibidil 3 sa chaibidil seo leagtar amach na **prionsabail** le treoir a thabhairt maidir le hiniúchadh, hathbhreithniú, forbairt agus cur i ngníomh an chóid iompair.

Caibidil 4 *Iompar a thuiscint* – sa chaibidil seo tá cur síos ar an gcaoi ar féidir le gach páirtí leasmhar sa chód iompair comhthuiscint a bheith acu ar na nithe a bhfuil tionchar acu ar iompar agus an chaoi ar féidir iompar a athrú.

Caibidil 5 *Cur chuige sa scoil uile i ndáil leis an gcód iompair* – sa chaibidil seo leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige dá leithéid agus ar an gcaoi ar féidir é a fhíorú i gcleachtas.

Caibidil 6 *Caighdeáin iompair a leagan síos* – sa chaibidil seo tá treoir maidir le caighdeáin a leagan síos agus na caighdeáin sin a úsáid chun dea-iompar a chothú.

Caibidil 7 *Dea-iompar a chothú* – sa chaibidil seo déileáiltear le dea-iompar a chothú agus é a bheith mar bhunchloch ag polasaí iompair.

Caibidil 8 *Freagairt d'iompar míchuí* – sa chaibidil seo tá treoir maidir le freagairt d'iompar do-ghlactha ar bhonn uile-scoile.


Caibidil 9 *An cód iompair a chur i ngníomh* – sa chaibidil seo leagtar amach bealaí inar féidir le scoil pleanáil lena chinntiú go bhfeidhmíonn an cód iompair go sásúil sa scoil.

Caibidilí 10, 11 agus 12 – sna caibidilí seo tá cur síos ar na ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla a bhaineann le húsáid fionraithe agus díbeartha, agus na gnéithe a bhaineann le dea-chleachtas oideachais in úsáid na smachtbhannaí tromchúiseacha seo.

Fíor 1.1 – seo achoimre ar struchtúr na dTreoirlínte.

D'fhonn cuidiú le scoileanna a gcód a ullmhú de réir na dTreoirlínte, tá achoimre ar phríomhcheanglais na dTreoirlínte ag deireadh gach caibidle.

Fíor 1.1 Struchtúr na dTreoirínte



Reachtaíocht agus ionstraimí reachtúla iomchuí

Bunreacht na hÉireann	Caithfear géilleadh do chearta tuismitheoirí agus an linbh in ábhar an oideachais faoi mar a leagadh amach in Airteagail 42 agus 44.2.4.de Bhunreacht na hÉireann mar ghnéithe bunúsacha i gcód iompair na scoile. Eascraíonn an ceanglas maidir le nósanna imeachta cothroma ó Airteagail 4.3 agus 42.4 de Bhunreacht na hÉireann.
Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (1950)	Foráiltear don cheart chun oideachais agus don cheart chun gnáthamh cóir sa CECD a trasúidh i ndlí na hÉireann san <i>Acht fán gCoinbhinsiún um Chearta an Duine (2003)</i> .
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh (1989)	Forálann an Coinbhinsiún seo, arna dhaingniú ag Éirinn sa bhliain 1992, go gcinnteoidh an Stát go riartar araíonacht scoile ar bhealach a thagann le dínit an linbh. Éilíonn an Coinbhinsiún go gcaithfear cluas a thabhairt do ghlór an linbh i leith gnóthaí a théann i bhfeidhm orthu, ag tabhairt aird chuí ar aois agus aibíocht an linbh.
An tAcht Oideachais, 1998	Forálacha buntábhachtacha a bhaineann leis an gcód iompair ná na forálacha a bhaineann le: <ul style="list-style-type: none"> • rochtain ar thaifid (alt 9(g)) • polasaithe a fhoilsiú (alt 15(2)) • freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta (Ailt 14–21) • Freagracht an Phríomhoide as cuspóirí a leagan síos (ailt 22 & 23) • faisnéis do mhic léinn agus do Chomhairlí Mac Léinn agus rannpháirtíocht mac léinn (alt 27) • foráil le haghaidh achomharc (alt 29).
An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007	Leasaíonn an tAcht seo na forálacha in alt 29 den <i>Acht Oideachais 1998</i> . Forálann sé do raon leathan gnéithe a gcaithfidh an Coiste Achomharc iad a bhreithniú i ndáil le fionraithe agus díbirtí. Chomh maith leis sin, déanann sé athruithe éagsúla ar nósanna imeachta i bpróiseas alt 29 i ndáil le teorainneacha ama agus na cúinsí inar féidir achomharc a dhéanamh.
An tAcht Oideachais (Leas), 2000	Seo a leanas na forálacha san <i>Acht Oideachais (Leas)</i> is mó a bhaineann le cód iompair scoile: <ul style="list-style-type: none"> • dualgais ghinearálta an BNLO i leith scoileanna (ailt 10 & 11) • forálacha a bhaineann le tuismitheoirí ag cur in iúl na gcúiseanna nach bhfuil mac léinn ag freastal ar scoil (alt 18) • forálacha do chód iompair scoile (alt 23) • forálacha a bhaineann le mac léinn a dhíbirt (alt 24) • forálacha a bhaineann le hachomhairc (alt 26).
Na hAchtanna Gairmoideachais 1930-1999 An tAcht Gairmoideachais (Leasú) 2001	Baineann an reachtaíocht seo le feidhmiú na gCoistí Gairmoideachais (CG) agus scoileanna nó coláistí a bunaíodh faoina gcoimirc.

Reachtaíocht agus ionstraimí reachtúla iomchuí

Reachtaíocht um Stádas Comhionann

Baineann na *hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004* le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna. Cuirtear comhionannas deise chun cinn leis na *hAchtanna* agus toirmisceann siad idirdhealú, ciapadh agus ciapadh gnéasach ar na naoi bhforas seo:

- inscne
- stádas pósta
- stádas teaghlai
- claonadh gnéis
- creideamh
- aois
- míchumas
- cine
- bheith i do bhall den Lucht Siúil.

Éilíonn siad cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas agus ceadaíonn siad raon leathan de bhearta dearfacha.

Cuireann na *hAchtanna* sin cosc freisin ar íospairt a dhéanamh ar aon duine a dhéanann gearán faoi idirdhealú, a chuireann i gcoinne aon ghníomhartha atá i gcoinne an dlí faoin reachtaíocht um stádas comhionann, nó a thugann fianaise in imeachtaí cúirte faoi na *hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004*, nó a thugann fógra go bhfuil sé ar intinn acu gearán a dhéanamh.

An *tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002*

Tá an *tOmbudsman do Leanaí cumhachtaithe* le haon ghníomh arna dhéanamh ag scoil nó thar ceann scoile i dtaca lena cuid feidhmeanna faoi alt 9 den *Acht Oideachais, 1998* a imscrúdú, sa chás go bhfuil nós imeachta na scoile féin maidir le gearáin úsáidte go hiomlán.

An *tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 (Acht EPSEN)*

Forálann *Acht EPSEN 2004* do sholáthar pleananna oideachais do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO). Faoin Acht, cuirfeadh oideachas ar leanaí le RSO i dtimpeallacht chuimsitheach in éineacht le leanaí nach bhfuil RSO acu ach amháin sa chás go dtiocfadh sin salach ar leas an linbh, nó ar sholáthar éifeachtach do na leanaí eile.

An *tAcht um Míchumas 2005*

Bunaíonn an *tAcht um Míchumas 2005* bunús le go ndéanfaí measúnú neamhspleách ar riachtanais aonair, lena n-áirítear riachtanais oideachais, ráiteas seirbhíse bainteach agus sásamh neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas. Ón 1 Meitheamh 2007 beidh forálacha an Achta i bhfeidhm le haghaidh leanaí faoi bhun aois a 5 agus beidh feidhm acu maidir le leanaí níos sine amach anseo.

Reachtaíocht agus ionstraimí reachtúla iomchuí

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

Cuireann an *tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine* deireadh le díolúine múinteoirí ó dhliteanas coiriúil maidir le léasadh fisiciúil a thabhairt do mhic léinn (alt 24).

Coscann Alt 15 príosúnú neamhdhleathach freisin.

Coscann an tAcht ar dhaoine bagairtí, imeaglú agus ionsaí a dhéanamh agus fórsa a úsáid agus leagtar amach cúinsí sonracha ann a d'fhágfadh go mb'fhéidir nach mbeadh sé neamhdhleathach fórsa a úsáid (alt18).

Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Éilíonn an reachtaíocht ar Bhoird Bhainistíochta, mar fhostóirí, áit shlán oibre a sholáthar dá bhfostaithe, chomh fada agus is indéanta. Éilítear ar na Boird Bhainistíochta freisin a chinntiú, chomh fada agus is féidir leo, nach mbíonn mic léinn, tuismitheoirí agus cuairteoirí, a d'fhéadfadh a bheith ar áitreabh na scoile, i mbaol ag rioscaí dá sláinte agus sábháilteacht.

Éilíonn an reachtaíocht freisin ar na Boird Bhainistíochta dul i mbun gnó, chomh fada agus is féidir, ar bhealaí a chuireann cosc ar mhí-iompar míchuí nó iompar a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas oibre fostaithe a chur i mbaol, nó sláinte agus sábháilteacht mac léinn, tuismitheoirí nó cuairteoirí.

An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988

An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003

Éilíonn na *hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2003* ar scoileanna a dhéanann sonraí pearsanta a thaifeadadh, a chothabháil agus/nó a stóráil, an ceart chun príobháideachta atá ag daoine a chosaint.

Éilíonn Alt 2 den Acht go ndéantar aon sonraí a ndéanann scoileanna próiseáil orthu:

- a fháil agus a phróiseáil go cóir cothrom
- a bheith beacht agus cothrom le dáta
- a choinneáil chun críche dlíthiúla ar leith
- a úsáid nó a nochtadh ar bhealach atá i gcomhréir leis an gcuspóir
- a bheith imleor, iomchuí agus gan a bheith iomarcach
- a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá
- a choinneáil slán.


Chomh maith leis sin, éilíonn an tAcht seo go dtabharfaí cóip do dhuine de na taifid dá n-iarrfaidís iad (alt 3).

An tAcht um Lán-Aois, 1985

Forálann an tAcht seo gur duine fásta é/í duine atá ocht mbliana déag d'aois nó níos sine agus go bhfuil an cumas ag an duine sin dul i gconarthaí agus cinntí a dhéanamh a théann i gcion ar chearta dlíthiúla agus ar chearta eile an duine fásta. Tá na forálacha seo le sonrú san *Acht Oideachais, 1998* agus san *Acht Oideachais (Leas), 2000*.

2

Iniúchadh agus athbhreithniú ar an gcód iompair



Iniúchadh agus athbhreithniú ar an gcód iompair

Tá cód iompair ag formhór na scoileanna cheana féin. I gcás na scoileanna seo, is é a bheidh i gceist le húsáid na dTreoirínte ná iniúchadh a dhéanamh ar a gcód reatha agus athbhreithniú agus leasú níos sonraí a dhéanamh ar réimsí ar leith a shainaithnítear san iniúchadh.

An chaoi a múnlaíonn forbairt an chóid rath an chóid.

Éilíonn Alt 23 den *Acht Oideachais (Leas), 2000* ar Bhord Bainistíochta dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus leis an oifigeach leasa oideachais nuair atá cód iompair á ullmhú. Leagann na Treoirínte seo béim freisin, ar mhaithe le dea-chleachtas, ar an tábhacht a bhaineann le mic léinn a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Saibhrítear iniúchadh agus athbhreithniú an chóid iompair nuair a bhíonn deis ag gach ball de phobal na scoile páirt a ghlacadh sa phróiseas. Ba chóir go dtuigfí le pobal na scoile an Bord Bainistíochta, mic léinn, tuismitheoirí, an fhoireann ar fad, lena n-áirítear múinteoirí, rúnaí na scoile, an t-airíoch, foireann an cheaintín agus aon duine eile a bhíonn i dteagmháil rialta leis na mic léinn. Mar shampla, d'fhéadfadh tiománaithe bus cur go mór leis an gcód sa mhéid a bhaineann sé le hiompar ar bhusanna scoile. Tá léiriú i **bhFíor 2.1** ar an gcur chuige sa scoil uile agus cód iompair á ullmhú.

Ní mór don obair ar an gcód leas a bhaint as an réimse taithí, léargas, scileanna, riachtanais agus eolas atá ag daoine éagsúla i bpobal na scoile. Tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh grúpaí nó daoine a d'fhéadfadh a bheith imeallaithe nó ar deacair iad a spreagadh le bheith páirteach.

Má oibrítear le chéile ar an gcód cuirtear deiseanna ar fáil:

- cuidiú le tógáil ar an gcomhthiomantas do luachanna agus d'éiteas na scoile
- úinéireacht ar an gcód a thabhairt do gach páirtí i bpobal na scoile
- comhdhearcadh i leith na gcineálacha éagsúla iompair agus caidreamh a chothaíonn an fhoghlaim
- comhthuisct a thógáil maidir leis an gcaoi a dtéann iompar i bhfeidhm ar fhoghlaim
- caidrimh dhearfacha a dhainiú i ndáil le hurraim agus le hiontaobh.

2.1 Iniúchadh a dhéanamh ar an gcód

Is túsphointe é an t-iniúchadh ar chód reatha do gach scoil a bhfuil cód iompair acu cheana féin.

Céard is iniúchadh ann?

Is é is iniúchadh ann ná scrúdú a dhéanamh ar gach gné d'ábhar agus d'fheidhmiú an chóid iompair d'fhonn a iomláine a chinntiú agus a dhearbhu go bhfuil sé ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus an dea-chleachtais arna leagan amach sna Treoirínte seo.

Dé ghnáth is iad an Príomhoide agus an fhoireann, nó grúpa beag le hionadaithe ón bhfoireann, na tuismitheoirí agus ón mBord Bainistíochta, a réachtáfaidh an t-iniúchadh, tar éis dóibh iad féin a chur ar an eolas maidir leis an Treoirlínte.

Sainaitheofar san iniúchadh na gnéithe den chód atá ag feidhmiú go maith, agus nochtar aon difríocht idir an cleachtas a mholann na Treoirlínte agus feidhmiú an chóid. Chomh maith leis sin, sainaitheoidh na Treoirlínte réimsí a mholann na Treoirlínte a chlúdach nach bhfuil aghaidh tugtha orthu sa chód reatha.

I gcás go sainaitheofar san iniúchadh gnéithe de chód na scoile a bhfuil gá athbhreithniú a dhéanamh orthu nó dul i ngleic leo, tabharfaidh an Bord Bainistíochta, in éineacht leis an bPríomhoide, tús áite do na réimsí sin agus forbrófar plan le dul i mbun na hoibre seo.

Tá seicliosta don iniúchadh le fáil ar shuíomh gréasáin an BNLO.

2.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód

Tá an próiseas athbhreithnithe ar an gcód iompair mar chuid de thimthriall leanúnach a eascraíonn as úsáid an chóid sa scoil. Beidh an scoil páirteach i ngníomhaíochtaí agus i bpróisis éagsúla ag brath ar an staid ag a bhfuil an scoil sa timthriall sin.

Leanann athbhreithniú an t-iniúchadh agus breathnaíonn ar an gcaoi a bhfuil gné ar leith den chód iompair ag feidhmiú. Braitheann sé ar raon foinsí eolais agus fianaise, lena n-áirítear taithí agus dearcadh na mac léinn, na múinteoirí, na foirne agus na dtuismitheoirí. Úsáideann sé eolas agus anailís chun bealaí a phleanáil le daingniú a dhéanamh ar an réimse sin den chód.

Ba chóir d'athbhreithniú ar réimse ar leith den chód:

- cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa réimse sin faoi láthair
- meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith is atá sé ag feidhmiú
- scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna feabhas a chur ar an réimse agus smaoineamh ar dheiseanna nua
- plan a cheapadh do chur i ngníomh na moltaí.

Athbhreithniú a dhéanamh		
Céimeanna den athbhreithniú	Ceisteanna sonracha an athbhreithnithe	Foinsí féideartha eolais
Cur síos ar an gcleachtas reatha	Céard atá ar siúil againn faoi láthair? Cur síos ar a bhfuil ag tarlú faoi láthair ar bhealach atá sonrach go leor le sainaithint a dhéanamh ar cé chomh maith is atá an cód ag feidhmiú	<ul style="list-style-type: none"> • Tuairiscí foirne • Taifid agus doiciméid scoile • Cuntais ó mhic léinn agus ó thuismitheoirí • Cinntí na n-achomharc más ann dóibh
Meastóireacht ar an gcleachtas reatha	An bhfuil ár gcleachtas ag cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla? Cé chomh maith is atá sé ag feidhmiú? Cén chaoi a bhfuil a fhios againn? Céard nach bhfuil ag feidhmiú go maith? An bhfuil sé ag feidhmiú go comhréireach, ar fud na scoile? Cén chaoi a bhfuil sé bainteach le gnéithe eile den chód iompair agus de pholasaithe bainteacha?	<ul style="list-style-type: none"> • Seiceáil i gcomparáid leis na Treoirlínte • Dearcadh na foirne, na mac léinn agus na dtuismitheoirí • Taifid agus pátrúin na bhfadhbanna agus na ngearán • Meastóireacht sa scoil uile (más iomchuí) • OLO • Cinntí na n-achomharc más ann dóibh
Roghanna don fheabhsúchán	Céard is cóir dúinn a dhéanamh ar bhealach éagsúil? Cén chaoi ar féidir linn tógáil ar a bhfuil ag feidhmiú go maith? Céard atá ar eolas againn faoi bhealaí eile feidhmiú sa réimse seo? Céard a fheidhmeodh níos fearr <ul style="list-style-type: none"> - do mhic léinn? - do mhúinteoirí? - do thuismitheoirí? 	<ul style="list-style-type: none"> • Treoirlínte • Dearcadh agus taithí • Dea-chleachtas • Taighde
Plean gníomhaíochta d'fheabhsú agus do chur i ngníomh	Céard, go sonracha, a dhéanfaimid? Cén plean atá ann (am, próiseas, acmhainní)? Cén chaoi a gcuirfimid é seo in iúl agus cé dó? Cén t-eolas nó scileanna breise a bhfuil gá againn leo? Cén chaoi a ndéanfaimid monatóireacht ar an gcur i ngníomh?	Seirbhís tacaíochta um pleanáil forbartha scoile

Torthaí an phróisis athbhreithniúcháin

Cuirfidh an t-athbhreithniú iad seo a leanas ar fáil don scoil:

- tuiscint dhomhain ar an chaoi a bhfuil an réimse áirithe sin den chód ag feidhmiú
- cur chuige athbhreithnithe maidir leis an réimse, agus tiomantas ina leith agus plean dá chur i ngníomh.

Eascróidh cur chuige sa scoil uile as an athbhreithniú maidir leis an ngné seo den chód agus chomh maith leis sin cuirfidh sé ar chumas gach baill d'fhoireann na scoile agus den phobal scoile i gcoitinne a bheith ar an eolas maidir leis an bpáirt atá acu in úsáid an pholasaí, an chleachtais nó an nós imeachta leasaithe agus tacú leis.

Ba chóir don athbhreithniú sainaithint a dhéanamh ar na riachtanais atá ann d'oiliúint foirne ionas go mbeadh na scileanna acu tacú le cód éifeachtach.

2.3 Róil agus freagrachtaí

An Pátrún

Faoi fhorálacha an *Achta Oideachais, 1998*, tá Pátrún ag gach scoil a chuireann feidhmeanna áirithe i gcrích arna sonrú san Acht.

Bainistíonn an Bord Bainistíochta an scoil ar son an Phátrúin agus chun leas na mac léinn agus a dtuismitheoirí. Ní foláir don Bhord:

- seasamh le sainspiorad na scoile agus bheith cuntasach don Phátrún ina leith sin
- dul i gcomhairle leis an bPátrún agus é nó í a choinneáil ar an eolas faoi chinntí agus faoi thograí
- a chuid polasaithe maidir le hiontráil, rannpháirtíocht, fionraí agus díbert a fhoilsiú ar bhealach comhaontaithe leis an bPátrún (alt 15(d), *An tAcht Oideachais, 1998*).

Ba chóir don Bhord Bainistíochta an cód iompair scoile a chur faoi bhráid an Phátrúin lena fhaomhadh d'fhonn na forálacha seo a chomhlíonadh.

An Bord Bainistíochta

Is é ról foriomlán an Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhforbraítear cód iompair sa scoil. Tá a féiniúlacht, éiteas, luachanna agus cultúr féin ag gach scoil. Tá freagracht ar leith ar an mBord as éiteas na scoile, chomh maith le freagracht fhoriomlán as polasaithe scoile. Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag an mBord sa phróiseas lena bhféachfar ar na cineálacha caidreamh agus iompair a léireoidh an t-éiteas sin.

Ba chóir go dtabharfadh an Bord baill uile na scoile isteach le bheith páirteach san obair ar an gcód iompair. Ba chóir don Bhord Bainistíochta taifead foirmiúil a dhéanamh de ghlacadh leis an gcód iompair, maille leis an dáta tosaithe agus cinntí athbhreithnithe maidir le cathain a dhéanfaí athbhreithniú ar an gcód.

An Príomhoide

Tascanna tábhachtacha ceannaireachta is ea forbairt nó athbhreithniú, agus cur i ngníomh an chóid iompair scoile a phleanáil. Beidh an fhreagracht ar an bPríomhoide as obair ar an gcód iompair a stiúradh, faoi threoir an Bhoird.

Múinteoirí agus baill foirne eile

Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí in athbhreithniú nó nuashonrú an chóid iompair scoile. Tugann siad a saineolas gairmiúil ar na naisc idir iompar agus an fhoghlaim a thuiscint isteach leo sa phróiseas seo; chomh maith lena dtaithe ar na nithe a chuidíonn le mic léinn iad féin a iompar go maith; agus tugann siad eolas ar an scoil agus ar phobal na scoile leo.

Tuismitheoirí

Éireoidh níos fearr le cód iompair má thugtar an deis do thuismitheoirí cur le próiseas forbartha athbhreithniú an chóid ar bhealaí cuiditheacha. Bainfidh a rannpháirtíocht leas as a n-ionchais, a léargais agus a dtaithe. Cuideoidh sé freisin béim a leagan ar a bhfreagrachtaí as iompar a leanaí. Is féidir le comhoibriú idir thuismitheoirí agus baill foirne i bhforbairt an chóid iompair:


- léargas a thabhairt do thuismitheoirí ar a bhfuil ag teastáil ó mhúinteoirí chun go mbeidís in ann teagasc go héifeachtach
- an t-ábhar a thabhairt do thuismitheoirí chun go bhféadfaidís na teachtaireachtaí faoin bhfoghlaim agus iompar a chuideoidh le scoil shona a chruthú a atreisiú sa bhaile
- cabhrú le thuismitheoirí braistint láidir bhróid a bheith acu as an scoil chomh maith le braistint na húinéireachta ar a hobair
- cabhrú lena chinntiú go dtugann thuismitheoirí teachtaireachtaí comhleanúnacha do mhic léinn maidir leis an mbealach le caitheamh le daoine eile.

Mic léinn

Is é is dóichí go dtacóidh mic léinn le cód iompair sa chás gur chabhraigh siad lena fhorbairt. Is féidir le caidrimh mhúine idir múinteoirí agus mic léinn neartú de bharr an phróisis. Trína rannpháirtíocht san obair seo: is féidir le mic léinn:

- cloistéal go díreach ó na múinteoirí faoina bhfuil ag teastáil le haghaidh an teagaisc agus na foghlama
- taithe a fháil ar a bheith páirteach i gcomhiarracht lena chinntiú go mbeidh an scoil ina háit mhaith le teagasc agus le foghlaim
- foghlaim faoi fhreagracht phearsanta a ghlacadh as a n-iompar agus as folláine a chéile agus folláine na múinteoirí
- scileanna buntábhachtacha a fhoghlaim a bhaineann le héisteacht, le hidirbheartaíocht agus le difríochtaí a bhainistiú
- aitheantas a fháil as a dtaithe, a léargais agus a n-ionchais agus úsáid a bhaint astu sin.

Fíor 2.1 Cuir chuige sa scoil uile i leith na hoibre ar chód iompair



2.4 An t-am agus an deis a fháil obair ar na gcód iompair

Deiseanna a úsáid a eascraíonn as obair laethúil na scoile

Tá an iliomad éileamh ar am na mball boird, na foirne, na dtuismitheoirí agus na mac léinn. D'fhéadfadh scoileanna machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as na deiseanna atá ann d'oibriú ar an gcód, mar shampla:

- feidhm a bhaint as grúpaí agus amanna a bhfuil daoine lena chéile (e.g. cruinnithe tuismitheoirí)
- am a chur ar leataobh ag cruinnithe foirne
- feidhm a bhaint as cuid de na laethanta inghairme forbartha agus pleanála
- cruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta a chaitheamh leis an gcód
- cuid de chruinnithe Chomhairle na Mac Léinn agus Chumann na dTuismitheoirí a chaitheamh leis an gcód
- feidhm a bhaint as gnéithe den churaclam chun a bheith ag obair le mic léinn ar an gcód (mar shampla Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Ealaín nó Drámaíocht)
- feidhm a bhaint as deiseanna seach-churaclaim (mar shampla ceol, spórt, clubanna i ndiaidh scoile agus clubanna oibre baile) chun feasacht a spreagadh maidir le cion agus tionchar iompar an uile dhuine.

Obair chomhpháirteach

Cé gur gá do gach grúpa páirteach am agus spás a ghlacadh lena ndearcadh agus a smaointe féin i leith an chóid iompair a scrúdú, is fíorthábhachtach iad na deiseanna atá ann do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus mhic léinn obair lena chéile ar an gcód. Cuidíonn siad tuiscint agus comhaontú roinnte a thógáil maidir le hiompar (féach Caibidil 4 *Iompar a thuiscint*) agus dearcadh roinnte ar an gcaoi leis an gcód a dhaingniú.

Bealach úsáideach amháin le tabhairt faoin obair chomhpháirteach seo ná grúpa pleanála a bhunú, ar a bhfuil baill den lucht bainistíochta, den fhoireann, mic léinn agus tuismitheoirí a luaithe is a thosaíonn obair ar an bpróiseas athbhreithniúcháin a phleanáil nó ar fhorbairt an chóid iompair. Is féidir leis an ngrúpa seo tabhairt faoin obair atá i gceist leis an bpróiseas athbhreithniúcháin a phleanáil agus comhordú a dhéanamh ar smaointe agus ar roinnt cur chuige nua. Féadfaidh mic léinn a bheith rannpháirteach go díreach trí mheán Chomhairle na Mac Léinn nó grúpa mac léinn ar leithligh a bheith acu a chuireann smaointe agus moltaí ar fáil don ghrúpa pleanála/oibre ar an bhfuil daoine fásta.

2.5 Rannpháirtíocht trí mheán an chomhairliúcháin

Is féidir dul i gcomhairle le cách áfach maidir leis na gnéithe tábhachtacha uile den chód agus ba chóir déanamh amhlaidh. Ba chóir aird ar leith a thabhairt le cinntiú go gcuimseofar éagsúlacht iomlán mac léinn, tuismitheoirí agus múinteoirí anseo. Áirítear i measc na mbealaí comhairliúcháin:

- dearcadh comhchoiteann an ghrúpa a iarraidh ón mBord, ó ghrúpaí foirne, ó Chumann na dTuismitheoirí, ó Chomhairle na Mac Léinn
- comhphlé i ranganna
- ceistneoirí do bhaill aonair den Bhord, bhaill foirne, tuismitheoirí, dhaltáí
- boscaí moltaí
- cruinnithe comhairliúcháin ghinearálta.

Ba chóir a chur san áireamh sa chomhairliúchán go bhfuil teorainneacha ama ag baint leis an méid ama is féidir le múinteoirí, mic léinn agus tuismitheoirí a chaitheamh leis an bpróiseas.

Comhairliúchán le mic léinn Is féidir le comhairliúchán tarlú le gach aoisghrúpa. Is féidir le mic léinn atá an-óg, fiú, a gcion a dhéanamh ar son fhorbairt an chóid, ag a leibhéal féin, agus le tacaíocht an mhúinteora. Tá acmhainní iomchuí liostaithe sa *Leabharliosta*.

Is féidir le Comhairle na Mac léinn ag an dara leibhéal (nó ag an mbunleibhéal, más ann do cheann) ról tábhachtach a bheith acu sa phróiseas comhairliúcháin le mic léinn a phleanáil agus a bhainistiú. Beidh tacaíocht ag teastáil uathu don obair seo, trí ionchur oiliúna mar shampla.

D'fhéadfadh roinnt mac léinn aireachtáil nach bhfuil siad nasctha le Comhairle na Mac Léinn. Beidh bealaí ag teastáil ón scoil le daoine óga a thabhairt isteach nach nglacfadh páirt i gcoistí foirmiúla de ghnáth b'fhéidir. D'fhéadfadh a dtacaíocht don chóid, agus a mbraistint úinéireachta air, a bheith bunriachtanach lena chinntiú go n-éireoidh leis an gcód.

D'fhéadfadh struchtúr tréadchúraim na scoile deiseanna iomchuí a sholáthar cuidiú leis na mic léinn a bheith páirteach i bhforbairt cóid atá bunaithe ar luachanna agus ar chuspóirí coiteanna.

Comhairliúchán le tuismitheoirí

Is féidir le Cumann na dTuismitheoirí sa scoil ról ceannais a bheith acu le comhairliúchán le tuismitheoirí a phleanáil agus a bhainistiú. Féadfaidh roinnt tuismitheoirí aireachtáil nach bhfuil siad nasctha de ghnáth le hobair Chumann na dTuismitheoirí. Beidh bealaí cruthaitheacha ag teastáil chun gach tuismitheoir a áireamh san obair ar an gcód.

Comhairliúchán leis an Oifigeach Leasa Oideachais

Féadfaidh an OCO comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta faoina fhreagrachtaí faoin *Acht Oideachais (Leas), 2000*, agus faoin dea-chleachtas de réir mar atá cód iompair na scoile á dhréachtú agus faoi na prionsabail dea-chleachtas agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá mar bhonn agus mar thaca ag na Treoirínte.

Príomhriachtanais: Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair**Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:**

Iniúchadh a dhéanamh ar an gcód

Plean gníomhaíochta a ullmhú, le hamscála, le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gcód


An plean gníomhaíochta a chur i ngníomh

An t-am agus an deis a sholáthar don fhoireann dul i mbun na hoibre ar an gcód iompair

A chinntiú go bhfuil an fhoireann, na mic léinn agus na tuismitheoirí agus bail eile de phobal na scoile páirteach san athbhreithniú agus sa leasú ar an gcód

3

Prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag cód iompair éifeachtach



Prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag cód iompair éifeachtach

Tá roinnt bunphrionsabal ann atá mar bhonn agus mar thaca ag cód iompair éifeachtach. Má chuireann cód na prionsabail seo san áireamh agus má chloíonn sé leo, tá sé níos dóichí go mbeidh rath ar an gcód i mbaint amach a spriocanna. I measc na spriocanna tá:

- atmaisféar a chruthú a spreagann agus a threisionn dea-iompar
- timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú don teagasc agus don fhoghlaim
- mic léinn a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim agus a n-iompar
- cabhrú le daoine óga teacht in inmhe mar shaoránaigh fhreagracha rannpháirteacha
- caidrimh dhearfacha chomh-mhuiníne agus chomhthacaíochta a chothú i measc mac léinn, ball foirne agus tuismitheoirí
- a chinntiú go dtuigtear ionchais arda na scoile i leith iompar gach baill de phobal na scoile agus go bhfuil eolas fairsing orthu.

3.1 Bunphrionsabail

Soiléire a sholáthar

Cuireann an cód iompair síos ar ionchais na scoile maidir leis an gcaoi ar féidir le gach ball de phobal na scoile (mic léinn, an fhoireann agus tuismitheoirí) a gcion a dhéanamh le go mbeidh an scoil ina háit mhaith le bheith ag teagasc agus ag foghlaim.

Chomh maith leis sin, cuireann an cód síos ar an gcaoi a bhfreagróidh an scoil d'iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim sa scoil, a mhaolaíonn nó a choisceann an teagasc agus an fhoghlaim sin.

Beidh sé soiléir i gcód éifeachtach go bhfuil gá go n-iompródh mic léinn iad féin de réir an chóid ionas go mbeadh scoil chomhchuí faoi smacht ann.

A dhearbhu go bhfuil iompar gach duine tábhachtach

Cruthaíonn gníomhartha agus iompar gach duine sa scoil atmaisféar na scoile. Tá iompar na ndaoine fásta i saol linbh, lena n-áirítear tuismitheoirí agus múinteoirí, ina thionchar suntasach ar an mbealach a ghníomhaíonn leanbh.

Fócas ar dhea-iompar a chothú

Tugann an cód tús áite do dhea-iompar a chothú. Ba chóir go mbeadh tuin agus béim an chóid ar ionchais arda a leagan síos agus ar dhea-iompar a dhearbhu.

Riachtanais a chothromú

Tá sé soiléir sa chóid go ndéanfar riachtanais mic léinn a bhfuil a (h)iompar do-ghlactha a chothromú le riachtanais oideachais na mac léinn eile sa scoil.


Tuiscint go mbíonn caidrimh ríthábhachtach	Tá cáilíocht na gcaidreamh idir múinteoirí agus mic léinn ina tionchar cumhachtach ar iompar i scoil. Cothaíonn an cód caidrimh mhúinéine idir mic léinn agus múinteoirí. Bíonn freagracht níos mó ar dhaoine fásta ná ar mhic léinn as na caidrimh seo a chothú.
Fócas ar an bhfreagracht phearsanta	Cuidíonn an cód le daoine óga taithí a fháil ar an luach a bhaineann le bheith ina mbaill fhreagracha rannpháirteacha de phobal na scoile.
Cothroime agus cothromas a chinntiú	Treoraíonn prionsabal na cothroime an Cód. Uarramaíonn sé prionsabail an cheartais aiceanta, agus cur chuige comhleanúnach i leith iompair a chinntiú ó thaobh gach duine ar fhoireann na scoile.
Comhionannas a chur chun cinn	Cothaíonn an cód comhionannas do gach ball de phobal na scoile. Coisceann an cód idirdhealú agus ceadaíonn sé do spás a bheith ann leis an difear a cheadú go cuí, de réir na reachtaíochta um stádas comhionann.
Leochaileacht oideachais a aithint	Léiríonn an cód iompair tiomantas na scoile do thacaíocht dhearfach a sholáthar, lena n-áirítear scileanna iomchuí a theagasc do na mic léinn a bheadh i mbaol fadhbanna a bheith acu lena n-iompar.
Freastal ar leas na mac léinn	Tá an cód bunaithe ar thiomantas do leas an uile mhic léinn, lena n-áirítear a gceart páirt a ghlacadh san oideachas agus leas a bhaint as an oideachas.
Freastal ar leas na foirne	Cuidíonn an cód timpeallacht dhearfach shábháilte a chothú don fhoireann ar fad, lena n-áirítear timpeallacht dhearfach shábháilte ranga do mhúinteoirí.
Sábháilteacht agus saoirse ó bhagairtí a chothú	Cothaíonn an cód coinníollacha foghlama agus teagaisc, dínite agus saoirse atá saor ó fhoréigean don fhoireann agus do na mic léinn araon.

Is féidir feidhm a bhaint as na prionsabail ar na bealaí seo a leanas:

Mar uirlis don iniúchadh	Baintear feidhm as na prionsabail chun cinneadh a dhéanamh cibé acu an cóir leasú sonrath a dhéanamh ar an gcód nó nach cóir.
Mar thúsphointe d'fhorbairt nó d'athbhreithniú ar an gcód	Tosaíonn an lucht bainistíochta, an fhoireann agus na mic léinn ag iniúchadh cén chaoi is fearr gach prionsabal a fhíorú ina chleachtas.
Mar bhealach meastóireacht a dhéanamh ar dhréachtmholtáí	Cuireann na prionsabail caighdeán ar fáil ar féidir an dréachtchód a chur i gcomparáid leis chun é a mheas.

4

lompar a thuiscint



Iompar a thuiscint

Tá tuiscint ar na tosca a bhfuil tionchar mór acu ar an iompar tábhachtach i bhforbairt agus i gcur i ngníomh an chóid iompair.

Tá gá ag múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn le tuiscint chomhpháirteach ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar iompar.

4.1 An gá atá le tuiscint chomhpháirteach

Féadfaidh múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn dearcadh éagsúil a bheith acu i leith iompair. Chuirfeadh dearcadh comhpháirteach bunús maith ar fáil don chur chuige sa scoil uile maidir le dea-iompar a chothú agus freagairt d'iompar do-ghlactha.

Tuiscint chomhpháirteach i measc na mball foirne

Cuideoidh tuiscint chomhpháirteach na múinteoirí agus na mball foirne eile ar na nithe a mhúnlaíonn iompar leanaí agus daoine óga, mar dhaoine indibhidiúla agus mar ghrúpaí leo:

- bealaí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun cuidiú le mic léinn iad féin a iompar go maith
- dóigheanna a fhorbairt chun freagairt d'iompar do-ghlactha a bhfuil níos mó seans acu feidhmiú agus dóigheanna a sheachaint a d'fhéadfadh cúrsaí a dhéanamh níos measa
- Dearcadh indibhidiúil nó pearsanta a sheachaint i leith iompar na mac léinn.

Léargas ar iompar a roinnt le tuismitheoirí

Tá léargas de dhíth fosta ar tuismitheoirí ar na tosca a théann i bhfeidhm ar iompar an mhic léinn sa rang agus sa scoil. Tá tuiscint de dhíth orthu ar an dóigh a bhféadann luachanna an bhaile agus meonta na dtuismitheoirí tacú le nó bac a chur le hiompar agus foghlaim an mhic léinn ar scoil. Féadfaidh seo a bheith an-tábhachtach nuair atá noirm chultúrtha agus luachanna sa bhaile éagsúil ó noirm agus luachanna na scoile.

Nuair a thuigeann tuismitheoirí agus nuair a aontaíonn siad le réasúnaíocht maidir le hionchais agus cleachtais na scoile, is é is dóichí go dtabharfaidh siad tacaíocht don pholasáí sin.

Léargas ar iompar a roinnt le mic léinn

Le léargas a thabhairt do mhic léinn ar a n-iompar féin agus ar iompar daoine eile, is féidir leis an scoil iad a ullmhú chun machnamh agus monatóireacht a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí i dtaca le cúrsaí iompair. Féadann sé a gcumas a fhorbairt ar fhreagracht a ghlacadh as a n-iompar féin agus ar chuidiú lena chéile iad féin a iompar go maith.

4.2 Prionsabail agus tionchair

Tá dlúthbhaint ag an bhfoghlaim, ag caidrimh agus ag iompar lena chéile. Bíonn dea-iompar mar thoradh ar fhoghlaim éifeachtach agus ar dhea-chaidrimh, agus téann sé i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn mic léinn.

Tá dlúthbhaint ag an bhfoghlaim, ag caidrimh agus ag iompar lena chéile.

Tá roinnt comh-bhunphrionsabal ag beagnach gach léirshamhail iompair.

- Tá brí le iompar. Níl sé teagmhasach. Tá feidhm leis agus spriocanna ag baint leis, ach b'fhéidir nach mbeadh na spriocanna seo furasta le haithint.
- Is féidir iompar a fhoghlaim. Ciallaíonn sé seo go bhféadann sé athrú.
- Tarlaíonn iompar taobh istigh de chomhthéacs áirithe agus i ndáil le daoine eile. Is bunús do thuiscint a fháil ar an iompar, an comhthéacs a thuiscint.
- A ndéanann múinteoirí, daoine fásta eile agus mic léinn eile mar fhreagairt d'iompar mic léinn, tá ríthábhacht ag baint leis mar thionchair ar na roghanna a dhéanann mic léinn i dtaobh a gcuid iompair.
- Tá dlúthbhaint ag teagasc agus foghlaim éifeachtach le dea-iompar.
- Is dóigh an-éifeachtach é chun tionchar a imirt ar iompar maith foghlama agus a chothú ná admháil dhearfach a dhéanamh i gcás iompar iomchuí.
- Téann cáilíocht na gcaidreamh i bhfeidhm ar iompar.

Nithe a théann i bhfeidhm ar an iompar

Is fiú machnamh ar an nithe a mbíonn tionchar acu ar iompar ó thaobh tréithe laistigh den duine go príomha de agus tosca atá seachtrach nó idirphearsanta.

Cuimsíonn **saintréithe laistigh den duine:**

- aois agus céim forbartha
- pearsantacht agus meon
- stair phearsanta agus taithí
- tréithe fisiceacha, céadfacha nó leighis
- scileanna, cumas foghlama
- nithe a chreideann siad fúthu féin agus faoi dhaoine eile
- stuamacht agus féinéifeachtúlacht.

Cuimsíonn **tosca seachtracha agus idirphearsanta:**

- patrúin agus caidrimh teaghlaigh agus tuismitheoirí
- líonraí sóisialta, lena n-áirítear cairde agus piarghrúpaí
- tosca comharsanachta agus pobail

- stádas agus seasamh grúpaí éagsúla sa phobal
- tosca scoile
- am, deis agus tacaíocht d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta.

Nádúr sóisialta na scoile

Chun tuiscint mhaith a fháil ar cad is iompar ann tá sé tábhachtach eolas a fháil ar thionchar grúpaí agus na caidrimh taobh istigh de agus idir na grúpaí agus foghrúpaí iomadúla i dtimpeallacht na scoile. Go bunúsach, tá saol na scoile sóisialta, agus bíonn mic léinn agus múinteoirí aonair páirteach i gcuid mhaith grúpaí agus fo-ghrúpaí le linn aon lae amháin. Tá an dinimic a fheidhmíonn taobh istigh de agus idir na grúpaí an-chumhachtach agus is ábhar suntasach tionchair é ar iompar grúpa agus duine aonair.

Lipéid agus sainmhínithe

Tagann roinnt mac léinn ar scoil agus lipéad á iompar acu a chuireann síos ar ghné éigin dá bpatrún foghlama agus iompair. **RSO** (Riachtanais Speisialta Oideachais), **NHEA** (Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde) **NIM** (Neamhord Iompair Mothúchánaí), tá siad seo ar na tuairiscí gearrscríofa a sheasann do thacair aimpléiseacha indibhidiúla bhuanna agus riachtanas.

Is cabair iad na sainmhínithe d'fhonn scoileanna agus múinteoirí a chur ar an airdeall faoi riachtanais foghlama. Is féidir le lipéadú, ámh, claondearcadh a thabhairt ar léiriú nó ar thuiscint iompar mic léinn.

4.3 Athrú Iompair

Tá sé tábhachtach go dtuigeann múinteoirí gur féidir athrú a theacht ar iompar mic léinn agus go bhfuil an t-eolas acu ar a bhféadann siad a chur i bhfeidhm chun seo a dhéanamh níos dóichí. Agus tuiscint ghinearálta mheasartha mhaith acu ar an iompar agus le breathnadóireacht chruinn agus anailís mhaith ar chineálacha ar leith iompair, is féidir le múinteoirí tionchar a bheith acu ar roinnt de na tosca a bhaineann le hábaltacht mic léinn chun a n-iompar féin a athrú. I measc na dtosca seo tá:

- inspreagadh
- spriocanna
- scileanna
- taithí roimhe sin ar iarracht a dhéanamh athrú, go speisialta iarracht ar éirigh léi
- tacaíocht ó thuismitheoirí, ó theaghlach, ó mhúinteoir, ó dhuine fásta eile, agus ón bpiarghrúpa
- dreasacht/luáíocht.

Tá ábhar breise ar an topaic seo i gCaibidil 7 *Dea-iompar a chothú*.

Príomhriachtanais: Iompar a thuiscint:**Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:**


Deiseanna a sholáthar do bhaill na foirne cur lena dtuiscint ar na tosca a théann i bhfeidhm ar an iompar agus a chuidíonn le mic léinn a n-iompar a athrú

Deiseanna a sholáthar do thuismitheoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo cuidiú le mic léinn lena ndea-iompar

Bealaí a aimsiú chun cuidiú le mic léinn a n-iompar féin a thuiscint, na fáthanna is bun leis an iompar sin, agus bealaí a bhféadann siad freagracht a ghlacadh as a n-iompar agus as a gcaidreamh

5

Cur chuige sa scoil uile i ndáil leis
an gcód iompair



Cur chuige sa scoil uile i ndáil leis an gcód iompair

Téann atmaisféar, luachanna, polasaithe, cleachtais agus caidrimh na scoile i bhfeidhm ar iompar na mac léinn. Ní féidir le cód iompair, as a stuaim féin, timpeallacht a chruthú inar féidir le mic léinn dea-iompar a fhoghlaim.

Ní foláir don scoil atmaisféar, luachanna, polasaithe agus cleachtais a bheith aici a thacaíonn leis an gcód iompair.

5.1 Cad is brí le cur chuige sa scoil uile i ndáil le hiompar?

Ar na gnéithe a bheadh i gcur chuige sa scoil uile i ndáil le hiompar bheadh:

- an t-éiteas, polasaithe agus cleachtais a bheith i gcomhréir lena chéile
- obair mar fhoireann i ndáil le hiompar
- cur chuige uile scoile i leith an churaclaim agus i ndáil leis an seomra ranga a bhainistiú
- pobal scoile atá cuimsitheach agus rannpháirteach
- próiseas córasach don phleanáil agus d'athbhreithniú polasaí iompair.

Éiteas, polasaithe agus cleachtais atá i gcomhréir lena chéile

Ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann do lucht bainistíochta agus d'fhoireann na scoile tá timpeallacht dhearfach a chruthú sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le dea-iompar. Tá an poitéinseal ag gach polasaí agus gach cleachtas scoile tionchar a bheith acu ar iompar an mhic léinn agus ba chóir iad a mheas ón dearcadh seo.

Obair mar fhoireann i ndáil le hiompar

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an bhfoireann comhaontú ar pholasaithe agus ar chleachtais na scoile agus tacú le cuspóirí an chóid iompair.

Cur chuige uile scoile i leith an churaclaim agus i ndáil leis an seomra ranga a bhainistiú

An bunús atá le hiompar dearfach i leith na foghlama ná teagasc éifeachtach, agus curaclam cuimsitheach spreagúil. Bíonn tionchar suntasach ag an gclár foghlama sa scoil agus an chaoi a gcuirtear é i láthair ar iompar an mhic léinn. I gcás go mbíonn mic léinn rannpháirteach agus inspreagtha chun foghlama, tá sé níos dóichí go mbeidh a n-iompar dearfach.

Tá tionchar láidir ag bainistiú seomra ranga agus ag modhanna teagaisc ar iompar na mac léinn. Tugann an timpeallacht seomra ranga, mar a dhéanann an timpeallacht scoile i gcoitinne, teachtaireachtaí soiléire do mhic léinn faoi ionchais na múinteoirí agus cruthaíonn sé teorainneacha comhréireacha. Ar cheann de na nithe is mó a chuireann cosc le fadhbanna tá scil an mhúinteora an ghnáthobair leis na mic léinn a bhainistiú.

Pobal scoile atá cuimsitheach agus rannpháirteach

Tá freagrachtaí ar Bhoird Bhainistíochta, ar Phríomhoidí, ar mhúinteoirí, ar bhaill foirne eile, ar thuismitheoirí agus ar mhic léinn ag leibhéal éagsúla as an iompar sa scoil.

Éilíonn cur chuige uile scoile ar an scoil deiseanna agus tacaíocht a sholáthar do na grúpaí seo chun tuiscint a fháil ar a bhfreagrachtaí agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Is é atá i gceist leis seo, mar shampla, ná go mbeadh deiseanna ag thuismitheoirí foghlaim cén chaoi a dtéann a dtiomantas, agus a gcaidreamh leis an scoil, i bhfeidhm ar iompar agus ar fhoghlaim. Is féidir le mic léinn a fhoghlaim cén chaoi a bhfuil a n-iompar, a bhfoghlaim agus foghlaim na mac léinn eile, maille le folláine na foirne, go léir nasctha lena chéile.

Próiseas pleanála córasach

Cuideoidh próiseas um pleanáil forbartha leis an scoil a chinntiú go bhfuil a polasaithe, a prótacail agus a nósanna imeachta eile i gcomhréir lena chéile chun timpeallacht dhearfach don fhoghlaim agus don teagasc a chothú.

5.2 Gnéithe den saol scoile a bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar iompar

Is féidir le lucht bainistíochta agus le foireann teagaisc na scoile feidhm a bhaint as an méid suntasach fianaise taighde atá ann, chomh maith lena n-oiliúint agus a dtaithí ghairmiúil féin, chun iad a threorú agus iad ag iniúchadh agus ag athbhreithniú na mbealaí ina bhféadfadh tionchar a bheith ag polasaithe agus ag cleachtais scoile ar iompar. Sa liosta seo a leanas dírtear ar an mbealach ginearálta a nascann iompar le roinnt de na réimsí seo i saol na scoile. Mar chuid den athbhreithniú ar an gcód iompair, ní mór a sheiceáil go bhfuil na gnéithe seo de shaol na scoile ag dul i bhfeidhm go dearfach ar iompar na mac léinn.

Gnéithe de shaol na scoile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar

- Cineálacha cur chuige a théann i ngleic le míbhuntáiste oideachais
- Mionathruithe a dhéanamh, agus meas a bheith ar éagsúlacht, agus aon chineál éagóra a chosc
- An fháil atá ar fhoirne agus ar chláir thréadchúraim
- Caidrimh i measc na múinteoirí agus na mac léinn
- Go mbraithfeadh na mic léinn gur cuid de phobal na scoile iad
- An timpeallacht scoile agus sa seomra raga
- A mhéid a bhaineann an curaclam le saol na mac léinn
- Bainistiú an tseomra ranga
- Grúpáil de réir cumais
- Amchlárú
- Bainistiú ar am sosa
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim
- Rannpháirtíocht na mac léinn
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

Príomhriachtanais: Cur chuige sa scoil uile i ndáil leis an gcód iompair**Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:**

Na polasaithe agus na cleachtais uile sa scoil a úsáid d'fhonn éiteas a chruthú a thacaíonn le dea-iompar


Na gnéithe sin de shaol na scoile a shainaithint is dóichí a mbeidh tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil na gnéithe sin ag feidhmiú d'fhonn dea-iompar a chothú

Deiseanna a sholáthar don fhoireann obair mar fhoireann ar an gcur chuige sa scoil uile i ndáil le hiompar

Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mac léinn agus na dtuismitheoirí i saol na scoile agus a chinntiú go bhfuil deiseanna acu a gcion a dhéanamh ar son polasaí agus cleachtais

6

Caighdeáin iompair a leagan síos



Caighdeáin iompair a leagan síos

Tá seans níos fearr go mbainfidh mic léinn tairbhe as a gcuid oideachais agus go mbeidh siad sona i dtimpeallacht struchtúrtha chomhbhách áit a n-éilítear caighdeáin arda iompair agus áit a gcloítear leo.

Cuirtear in iúl i gcaighdeáin na scoile na cineálacha iompair agus caidreamh a chruthóidh timpeallacht dhearfach don teagasc agus don fhoghlaim. Cuireann siad síos ar an iompar a bhfuiltear ag súil les ó gach ball de phobal na scoile. Is iad na caighdeáin an meán a úsáidfidh an scoil chun:

- soiléiriú a sholáthar do mhic léinn faoi ionchais arda na scoile i leith a n-iompair
- spriocanna a shocrú do mhic léinn a threoróidh i dtreo iompar aibí cuí iad
- feidhmiú mar uirlis phraiticiúil le haghaidh teagaisc agus foghlama.

Ba chóir do phróiseas fhorbairt an chóid iompair deiseanna a chur ar fáil chun:

- ábhar agus fócais na gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leo sa scoil a chomhaontú
- rialacha nó cairteacha a léiríonn na caighdeáin a fhorbairt
- teacht ar chomhaontú ar bhealaí chun na caighdeáin a úsáid le dea-iompar a chothú.

6.1 Ábhar agus fócas na gcaighdeán

Ba chóir do chaighdeáin a éileamh ar gach ball de phobal na scoile iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn meas ar dhaoine eile.

Fógraíonn caighdeáin luachanna dearfacha

Ba chóir go léireodh caighdeáin iompair luachanna mar seo a leanas:

- meas ort féin agus ar dhaoine eile
- cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile
- cúirtéis agus dea-bhéasaíocht
- cothroime
- a bheith ullamh bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlint a réiteach
- maithiúnas.

Ba chóir do na caighdeáin an tiomantas dá bhfoghlaim féin agus d'fhoghlaim a gcomhpháirtithe a bhfuil an scoil ag súil leis ó mhic léinn a chur in iúl. Is féidir na gnéithe seo a leanas a bheith mar chuid den tiomantas:

- freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil
- do dhícheall a dhéanamh sa rang

- freagracht a ghlacadh as do chuid oibre
- cloí leis na rialacha
- cabhrú le timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú
- meas a bheith agat ar an bhfoireann
- meas a bheith agat ar dhaltaí eile agus ar a gcuid foghlama
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile.

Léiríonn caighdeáin an t-iompair do-ghlactha

Ar na bealaí chun fógairt do bhaill an phobail scoile na cineálacha iompair nach bhfuil inghlactha sa scoil is féidir feidhm a bhaint as caighdeáin, mar shampla:

- iompar a ghortaíonn daoine eile (bulaíocht, ciapadh, leithcheal agus íospairt san áireamh)
- iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim
- bagairtí nó duine eile a ghortú go fisiceach
- damáiste do mhaoin
- goid.

6.2 Rialacha scoile agus seomra ranga

Aistríonn na rialacha na caighdeáin go treorú praiticiúil do mhic léinn faoin iompar a bhfuiltear ag súil leis uathu. Soláthraíonn rialacha teorainneacha soiléire do mhic léinn. Cuireann siad síos i dtéarmaí simplí ar an mbealach i dtreo spriocanna iompair a bhaint amach a chuideoidh leo idir fhoghlaim go maith agus fhorbairt ina ndaoine aonair aibí freagracha.

Is féidir idir rialacha scoile agus rialacha seomra ranga a bheith ag scoileanna, a mbeidh leibhéil éagsúla sonraí acu. Ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir dea-bhainistiú (gnáthamh, eagrú éifeachtach agus bainistíocht) agus rialacha a bhaineann le hiompar agus foghlaim.

Is féidir gur fearr le roinnt scoileanna an téarma **ionchais** a úsáid seachas rialacha. Ceann de na buntáistí a bhaineann leis an téarma **ionchais** a úsáid nár gur féidir cur síos ar ionchais le haghaidh tuismitheoirí agus ball foirne, chomh maith le mic léinn.

Is féidir gur fearr le roinnt scoileanna an téarma **cairt** nó **comhaontú** ag leibhéal ranga nó bliana go háirithe nuair a chuidigh na mic léinn cinneadh a dhéanamh maidir leis na cineálacha iompair atá inghlactha nó do-ghlactha sa ghrúpa.

Cé go mbaineann caighdeáin le gach duine sa scoil, ba chóir do rialacha aois agus staid forbartha na mac léinn a chur san áireamh.

Critéir d'fhorbairt rialacha/cairteacha/comhaontuithe

Oibríonn rialacha scoile agus seomra ranga níos fearr nuair a bhíonn said:

- laghdaithe go dtí an méid is lú
- scríofa i dteanga shimplí shoiléir

- ráite go dearfach, ag insint do mhic léinn cad atá le déanamh chomh maith le cad nach bhfuil le déanamh
- bunaithe ar réasúnaíocht shoiléir a mhínítear, a thuigtear, agus a aontaítear
- forbartha trí chomhairliú le mic léinn, tuismitheoirí agus baill foirne
- curtha in iúl agus tagairt déanta dóibh go minic.

6.3 Na caighdeáin a úsáid le dea-iompar a chothú

Tá caighdeáin ina spriocanna foghlama

Tá caighdeáin iompair ina spriocanna ar chóir iarracht a dhéanamh iad a bhaint amach. Go díreach mar a mheastar gnóthachtáil acadúil i dtéarmaí dul chun cinn i dtreo spriocanna acadúla soláthraíonn na caighdeáin iompair slat tomhais chun dul chun cinn mac léinn i dtreo spriocanna iompair a mheas.

Bíonn gá ag mic léinn le deiseanna chun machnamh agus plé a dhéanamh ar a n-iompar, ar fhoghlaim agus ar rialacha, ionas gur féidir leo a thuiscint céard a chiallaíonn na rialacha dóibh siúd. Féadfaidh múinteoirí ábhair agus ranga:

- na mic léinn a chur san áireamh sa phlé ar an gcaoi caighdeáin a fhíorú ina rialacha scoile agus ina rialacha seomra ranga
- a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag gach mac léinn ar a bhfuiltear ag súil leis uathu agus an chúis leis sin
- na scileanna a ainmniú a bhfuil gá ag mic léinn leo d'fhonn cloí leis na rialacha agus bealaí féideartha na scileanna a chothú agus a theagasc.

Léiriú na gcaighdeán: freagracht na ndaoine fásta

Tá freagracht thábhachtach ar na daoine fásta sa scoil as caighdeáin iompair na scoile a léiriú ina gcuid gnóthaíochta le mic léinn agus lena chéile araon, ós rud é gur ábhar mór foghlama é do na mic léinn.

Ba chóir go mbeadh ionchas go léireodh na tuismitheoirí na caighdeáin a n-iarrtar ar na mic léinn meas a bheith acu orthu. Is dóichí sin a dhéanamh má tá siad eolach ar na caighdeáin agus ar bhealaí chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí iad féin a iompar de réir na gcaighdeán seo.

Na dóigheanna a mbíonn na tuismitheoirí agus na múinteoirí ag caidreamh le chéile, ba chóir go mbeadh sé seo mar eiseamláir maith ag na mic léinn.

6.4 Rialacha na scoile agus mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Ba chóir do mhúinteoirí ranga agus speisialtóirí (Múinteoir Tacaíochta Foghlama, Múinteoir i mbun Acmhainní, Cúntóir Riachtanais Speisialta srl.) seiceáil go gcuirtear na caighdeáin agus na rialacha in iúl ar bhealach ar féidir le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu iad a thuiscint. Beidh sé cuidiúil an tuiscint seo a sheiceáil ó am go chéile, agus go háirithe nuair atá mac léinn le riachtanais speisialta á iompar féin ar bhealach a d'fheicfí de ghnáth mar shárú ar na rialacha.

Uaireanta bíonn tacaíocht ag teastáil ó mhúinteoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi is fearr cuidiú le mac léinn a bhfuil riachtanas speisialta aige/aici cloí le caighdeán agus le hionchais na scoile.

Do roinnt mac léinn beidh leideanna amhairc nó pictiúir de dhíth. Seans go mbeidh deiseanna de dhíth ar roinnt mac léinn chun cleachtadh a dhéanamh ar na rialacha a chomhlíonadh, le haiseolas ar a ndul chun cinn.

Príomhriachtanais: Caighdeán iompair a leagan síos

Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:

Sraith caighdeán iompair a fhorbairt don scoil

Pobal na scoile a thabhairt isteach sa díospóireacht faoi chaighdeán

Na mic léinn a chur san áireamh i bhforbairt rialacha scoile agus seomra ranga


Na caighdeán a léiriú

Na mic léinn a theagasc maidir leis na caighdeán agus an chaoi cloí leis na caighdeán sin

Bealaí a bheith ann a chinntiú go bhfuil tuiscint ag mic léinn le riachtanais speisialta ar a bhfuiltear ag súil leis uathu

7

Dea-iompar a chothú



Dea-iompar a chothú

Is é príomhspríoc an chóid iompair ná dea-iompar a chothú. Ba chóir do lucht bainistíochta agus d'fhoireann na scoile éiteas scoile, polasaithe, prótacail agus cleachtais scoile a chothú go gníomhach, a bheidh dírithe ar iompar dearfach a chothú agus cosc a chur le hiompar míchuí.

An príomhspríoc atá ag an gcód ná dea-iompar a chothú.

7.1 Straitéisí chun dea-iompar a dhearbhu agus a chothú

Cuideoidh barr feabhais bhainistiú na scoile agus teagasc sa seomra ranga le formhór na mac léinn iad féin a iompar ar bhealach a thacaíonn lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt.

Chomh maith leis sin, tá gá ag múinteoirí agus ag baill foirne eile le raon straitéisí d'fhonn dea-iompar a chothú sa rang agus ag leibhéal na scoile. Ba chóir go mbeadh comhréireacht ann ar fud na foirne teagaisc maidir leis an gcaoi is fearr dea-iompar a chothú.

Is dóichí mic léinn iad féin a iompar go maith má:

- tá siad páirteach i ról a bhfuil freagrachtaí ag baint leo sa scoil agus i bhforbairt an chóid iompair
- thuigeann siad cad chuige a bhfuil an cód tábhachtach agus an ról acusan chun é a fheidhmiú
- fheiceann siad go n-oibríonn sé go cothrom
- tá ionchais arda sa scoil go n-iompróidh mic léinn iad féin ar ardchaighdeán
- tá na caighdeáin soiléir agus comhsheasmhach agus má thuigtear go forleathan iad
- thacaíonn tuismitheoirí leis an scoil trí dhea-iompar foghlama a chothú
- tá cultúr dearfach comhchaidrimh idir múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn agus atmaisféar sona scoile ann
- léiríonn daoine fásta an t-iompar a bhfuil dúil leis ó na mic léinn.

I measc straitéisí eile le dea-iompar a chothú tá:

- idirghabhálacha dearfacha laethúla idir na múinteoirí agus na mic léinn
- gnáthaimh mhaithe scoile agus ranga
- teorainneacha agus rialacha soiléire do mhic léinn
- cuidiú leis na mic léinn féin dea-iompar foghlama a aithint agus a dhearbhu
- dea-iompar a aithint agus aiseolas dearfach a thabhairt ina leith
- scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis na mic léinn féin, ar an gcaoi ar chóir do dhaoine caitheamh lena chéile
- mic léinn a chur san áireamh in ullmhú rialacha scoile agus seomra ranga.

7.2 Caidrimh idir mic léinn agus múinteoirí

Tá cáilíocht na gcaidreamh idir múinteoirí agus mic léinn ar na tionchair is cumhachtaí ar iompar mac léinn. Do chuid mhór mac léinn, is ábhar ollmhór tacaíochta dóibh na múinteoirí acusan, bá daoine fásta agus tréadchúram.

Mar dhaoine fásta agus mar phroifisiúnaigh, tá acmhainn láidir ag múinteoirí caidrimh mhaithe a fhorbairt le mic léinn, agus freagracht níos mó acu as an gcaidreamh.

Cothromaíonn caidrimh chóimheasa teochroí agus comhbhá le hoibiachtúlacht, neamhspleáchas proifisiúnta, cothroime agus comhsheasmhacht.

Ba chóir don scoil dóigheanna a chuardach chun cáilíocht na gcaidreamh sa scoil a athbhreithniú ó am go chéile. Is féidir seo a dhéanamh go foirmiúil ach úsáid a bhaint as ceistneoirí, grúpaí díospóireachta, boscaí moltaí, grúpaí faoi theagascóir, Am Ciorcail, chomh maith le cumarsáid neamhfhoirmiúil ó lá go lá sa scoil.

7.3 Úsáid a bhaint as córais luaíochtaí

Féadfaidh córais luaíochtaí a bheith mar chuid de straitéis fhoriomlán scoile nó ranga, nó féadfaidh siad a bheith ina gcuid d'idirghabháil phleanáilte chun cuidiú le mic léinn aonair a n-iompar a bhainistiú. Ba chóir don phobal scoile breithniú a dhéanamh ar chórais luaíochtaí a úsáid.

Ba chóir a chur san áireamh i luaíochtaí do mhic léinn le riachtanais speisialta go bhfuil stíl ar leith foghlama i gceist. I gcás na mac léinn le míchumas céadfach, ba chóir an luaíocht a chur i iúl ar bhealaí a chuireann sin san áireamh. I gcás gach mic léinn, agus go háirithe iad siúd le deacrachtaí foghlama, beidh tionchar ag bronnadh luaíochta má tá dlúthbhaint aici ó thaobh ama de le hiompar.

Úsáid luaíochtaí

Úsáid éifeachtach luaíochtaí

Is dóichí córais luaíochta mic léinn a spreagadh nuair:

- a bhíonn siad bríoch don mhac léinn aonair nó don ghrúpa
- a thuigeann an mac léinn cad chuige a bhronntar an luaíocht
- a thugann siad aird ar iompar atá luachmhar agus inmhianaithe
- a bhíonn siad cóngarach in am don iompar áirithe úd
- a bhíonn siad bunaithe ar eolas faoin duine indibhidiúil agus a fhreagraíonn siad d'íogaireacht a bhaineann le tosca pearsanta, forbartha agus cultúrtha (mar shampla, uaireanta is fearr le déagóirí moladh a fháil go príobháideach seachas go poiblí)
- a bhronntar iad de thairbhe iarrachta, agus ní hé amháin don chur i gcrích
- a úsáidtear go comhsheasmhach iad agus nuair a úsáideann baill uile na foirne iad
- a úsáidtear ar bhealach cuimsitheach iad. Ní cóir iad a úsáid ar aon bhealach a dhéanann idirdhealú i gcoinne aon mhic léinn nó aon ghrúpa mac léinn, mar shampla, i gcoinne mic léinn ó chúlra áirithe, inscne nó grúpa eitneach.

Úsáid neamhéifeachtach luaíochtaí

Caithfear bheith cúramach i dtaobh luaíochtaí lena chinntiú nach:

- bhfuil siad mar sprioc na foghlama
- dtarlaíonn comórtas neamhchuidiúil dá dtairbhe
- gcúitítear na mic léinn chéanna arís is arís eile
- bhfeictear do na mic léinn go bhfuil siad dofhaighte agus dá thairbhe sin, neamhspreagthach dóibh.

Príomhriachtanais: Dea-iompar a chothú

Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:

Polasaí sa scoil uile a bheith ann le dea-iompar a chothú


Plean agus straitéisí a bheith ann le rannpháirtíocht na mac léinn agus na dtuismitheoirí a dhaingniú

Bealaí follasacha a bheith ann chun ionchais arda do mhic léinn a chur in iúl

Bealach a bheith ann cáilíocht chaidreamh idir na baill foirne agus na mic léinn a athbhreithniú

8

Freagairt d'iompar míchuí



Freagairt d'iompar míchuí

D'ainneoin na n-iarrachtaí is fearr de chuid na scoileanna, tarlaíonn iompar do-ghlactha. Is féidir le mionsárú fiú ar an gcód iompair a bheith suaiteach, go háirithe má tá sé leanúnach. Is féidir éifeacht dhíobhálach bhuan a bheith ag mí-iompar tromchúiseach lena n-áirítear cur isteach ar fhoghlaim an mhic léinn féin agus ar fhoghlaim na mac léinn eile. Féadann sé anacair agus imní a spreagadh nó bagairt ar shábháilteacht na mac léinn agus múinteoirí.

8.1 Riachtanais a chothromú

I gcás go gcuireann iompar mic léinn isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim na mac léinn eile, caithfidh údaráis na scoile breathnú ar an gcothromaíocht idir riachtanais an mhic léinn sin agus riachtanais na mac léinn eile. Bíonn an chothromaíocht seo deacair go minic, agus éilíonn sé cur i ngníomh scil ghairmiúil agus breithiúnas gairmiúil, i ngach cás ar leith, agus é bunaithe ar eolas oibiachtúil faoi thionchar iompar an mhic léinn, agus ag baint úsáide as critéir thrédhearcacha d'fhonn an tionchar a mheas. Sa chur chuige seo tacú le dea-iompar foghlama agus freagairt d'iompar míchuí, tá gá ag an scoil le bealach córasach freastal ar thionchar an iompair mhíchuí ar mhic léinn agus fhoireann eile araon agus tionchar an smachtbhanna ar an mac léinn.

Is í freagracht na n-údarás scoile timpeallacht ranga agus scoile a chothabháil a thacaíonn le foghlaim gach mic léinn sa scoil agus a chinntíonn leanúnachas an teagaisc dóibh uile.


Ba chóir don Bhord Bainistíochta, i gcomhar le pobal na scoile, straitéis a fhorbairt le hidirghabháil go luath agus go dearfach nuair nach gclóíonn iompar mic léinn leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo sa scoil. Léiríonn **Fíor 8.1** na gnéithe riachtanacha ar chóir iad a bheith i straitéis dá leithéid. Ba chóir don straitéis tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht na dtuismitheoirí.

8.2 Cur chuige réitigh fadhbanna


Gné thábhachtach den tabhairt faoi iompar míchuí i measc na mac léinn ná tabhairt faoi chur chuige réitigh fadhbanna: is é sin nuair a fhreagraíonn an múinteoir agus an scoil d'iompar mí-oiriúnach ag baint úsáide as na céimeanna seo a leanas:

1. Cruinnigh eolas. Tuig an comhthéacs agus na tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an iompar.
2. Gin smaointe faoi réitigh a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Déan iniúchadh ar fhreagraí ar an mí-iompar a thugann aird ar na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith mar chúis leis.
3. Socraigh agus aontaigh straitéisí sainiúla.
4. Cuir an straitéis aontaithe i ngníomh go comhréireach.
5. Athbheithnigh an dul chun cinn: déan meastóireacht ar thionchar agus ar éifeachtacht na hidirghabhála.
6. Tríd síos, coinnigh an caidreamh leis an mac léinn chomh dearfach agus is féidir; tabhair an mac léinn agus na tuismitheoirí isteach sa scéal.

Tá achoimre ar na céimeanna seo i **bhFíor 8.2**.

Fíor 8.1 Dul i ngleic le hiompar míchuí

Fíor 8.2 Cur Chuige Réitigh Fadhbanna



8.3 Straitéisí sa scoil uile

Eilimintí de chur chuige sa scoil uile i leith an iompair do-ghlactha, lena n-áirítear:

- cur síos comhaontaithe iompair
- socruithe i leith iompar a thaifeadadh
- cisil éagsúla idirghabhála.

Bealaí comhaontaithe cur síos ar iompar

In aon fhrámaíocht le cur síos ar mhí-iompar, ba chóir go mbeadh bealaí chun cur síos go cruinn ar nádúr, ar dhéine agus ar dhianseasmhacht an iompair. Ligeann cur síos cruinn do dhaoine fásta iompar a shuí ar chontanam, patrúin a thabhairt faoi deara, athruithe a bhreathnú thar am nó i gcomhthéacsanna éagsúla agus roghanna bunaithe ar shonraí oibiachtúla a fhoirmiú chun freagairt don iompar sin. Tacaíonn an cur chuige seo le treoshuíomh urramach réitigh fadhbanna, fiú nuair atá iompar an mhic léinn deacair agus dúshlánach.

Le cur síos beacht is féidir eolas iontaofa a bhailiú maidir le hiompar mic léinn áirithe agus an t-eolas sin a roinnt. Cuidíonn téarmaíocht chomhaontaithe freisin le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chód iompair.

Tacaíonn an fhrámaíocht idirghabhála a cheap an Roinn Oideachais, i gcomhar le Comhairle Cathrach Birmingham, *Behaviour Environmental Checklist* le sonraí a bhailiú – sonraí a bhaineann le hiompar suaiteach. Tugann sé comhairle fosta ar chomhoibriú idir an iliomad daoine a mbeadh eolas acu agus tionchar acu ar an bpróiseas athraithe. Tá uirlis den chineál seo cuidiúil sa dóigh go dtairgeann sí áit do scoileanna tosú ag smaoineamh le chéile ar bhealaí le díriú ar shaincheisteanna deacra. (Comhairle Cathrach Birmingham, An Rannóg Oideachais 2003)

Socruithe chun iompar a thaifeadadh

Ba chóir don Phríomhoide scrúdú a dhéanamh ar dhóigheanna chun córas taifeadta simplí a sholáthar don fhoireann, rud a cheadaíonn don scoil iompar aon mhic léinn lena bhfuil cúis imní a rianú, go rialta agus go seasmhach. Ba chóir don taifead na hiarrachtaí a rinneadh idirghabháil sa scéal a bhreacadh síos, maille leis an dóigh ar fhreagair an mac léinn dóibh.

Dréimire idirghabhála

Mar chuid den chur chuige sa scoil uile, ní mór d'fhoireann scoile dréimire idirghabhála a chomhaontú mar fhreagairt don iompar do-ghlactha. Ceadaítear comhsheasmhacht i measc foirne chomh maith le cinntiú go bhfuil cur chuige pleanáilte ann chun cuidiú le mic léinn dul i ngleic lena n-iompar féin.

Tá cur síos thíos ar thrí leibhéal ag ar féidir idirghabháil a dhéanamh. Ag gach leibhéal, ba chóir tacaíocht tuismitheora agus teaghlaigh a lorg.

Leibhéil idirghabhála

Tacaíocht do chách	Bíonn iompar cuí ag an gcuid is mó mac léinn, le cuidiú rialacha comhsheasmhacha soiléire agus gnáth-am i rang agus ar scoil. Ní mór aird a thabhairt ar mhí-iompar mionúr go héifeachtach trí scil an mhúinteora ranga.
Tacaíocht sa bhreis do mhic léinn ar leith	Bíonn idirghabháil ghníomhach sa bhreis de dhíth ar roinnt mac léinn chun cuidiú leo a n-iompar a bhainistiú. Gan cuidiú sa bhreis, is féidir go mbeidh siad i mbaol teipthe, maidir lena n-iompar, go sóisialta agus ó thaobh oideachais. Is féidir ionchur sa bhreis a chur san áireamh, lena n-áireofaí: <ul style="list-style-type: none"> • atreorú go múinteoir eile nó duine fásta ar féidir leis nó léi bheith ag obair leis an mac léinn • an Fhoireann Tréadchúraim a bheith rannpháirteach sa scéal • ag bunú targaidí iompair agus á monatóireacht leis an mac léinn i ndóigh tacaíochta • conarthaí iompair.
Tacaíocht speisialaithe do mhionlach beag mac léinn	Is féidir go mbeadh iompar dúshlánach as an ngnách ag mionlach beag mac léinn. Is féidir go bhfuil deacrachtaí móra acu agus iad ag foghlaim an iompair nua, agus gan freagairt d'idirghabháil íseal-leibhéil. Beidh freagairt mharthanach chórasach de dhíth ar na mic léinn seo ó na daoine fásta tábhachtacha ina saol, ar scoil agus sa bhaile. <p>Ba chóir don Phríomhoide agus don fhoireann naisc mhaithe a chruthú le seirbhísí tacaíochta áitiúla ar féidir leo cuidiú chun freagairt mar is iomchuí do riachtanais mic léinn le deacrachtaí iompair. Ba chóir go n-iarrfaí tacaíocht ó sheirbhís chuí, is féidir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhísí Síceolaíochta Pobail, An tSeirbhís Náisiúnta Iompair, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Seirbhísí Treoracha Leanaí nó Seirbhísí Meabhairghalair Ógánach a chur san áireamh.</p> <p>Ní foláir do scoileanna a bheith feasach ar a n-oibleagáidí faoi na <i>hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004</i> i leith freastail go réasúnach do mhic léinn faoi mhíchumas.</p>

Cur chuige speisialaithe maidir le hiompar a bhainistiú

Ní cóir riamh úsáid a bhaint as straitéisí speisialaithe maidir le hiompar a bhainistiú, gan sainchomhairle, sainoilúint agus sainmhnatóireacht a fháil. Is próiseas casta é tuiscint a fháil ar na cúinsí casta ina bhfuil a leithéid sin d'idirghabhálacha úsáideach agus tá sé sin lasmuigh de raon na dTreoirínte seo.

8.4 Róil agus freagrachtaí sainithe go soiléir

I roinnt mhaith scoileanna tá struchtúir fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla ann – córais oidis, foirne tréadchúraim, foirne treorach, córais oidí ranga – a fheidhmíonn agus a shaindiríonn saineolas agus tacaíocht. Féadfaidh múinteoirí a bhfuil freagrachtaí bainistíochta agus róil eile sannta dóibh tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí ranga d'fhonn dul i ngleic le saincheistanna iompair le duine ar leith nó le grúpa ranga.

Mar chuid den dearcadh scoile uile chun iompar a bhainistiú, ba chóir go mbeadh ról múinteoirí áirithe sainmhínte. Ba chóir go mbeadh mic léinn, tuismitheoirí, múinteoirí agus baill eile na foirne soiléir faoi na ról sainithe seo acu.

Chomh maith le ról fhoirmiúla, sainithe, is féidir go mbeidh ról neamhfhoirmiúla ag múinteoirí ó am go ham, a leithéid d'idirghabháil i gcásanna ar leith, nó de thacaíocht neamhfhoirmiúil a thabhairt do chomhghleacaí nó do mhac léinn.

Múinteoir ranga nó ábhair

Is foinse bharrthábhachtach idirghabhála é múinteoir ranga nó ábhair chun cuidiú leis na mic léinn a gcuid iompair a athrú. Mar cheannaire foghlama, agus mar dhuine a bhfuil muinín ag na mic léinn as nó aisti, beidh an-tionchar go deo ag an múinteoir ar mhic léinn. Déileálann múinteoir an ranga le gnáth-theagmhais mhí-iompair trí straitéisí bainistíochta, agus ar an gcaoi sin, ní bhíonn gá leis an méid céanna idirghabhála.

Bail foirne eile agus an mheitheal foirne

Mar chuid den phlean sa scoil uile, ba chóir go mbeadh fáil ag múinteoirí ranga nó ábhair, de réir mar is féidir, ar thacaíocht ó bhaill foirne eile, ar féidir leo cuidiú a iarraidh orthu, nó mac léinn a chur chucu chun comhairle agus tacaíocht a fháil (ní hionann sin agus atreorú nuair atá smacht á chur ar an mac léinn). Ar na deiseanna eile úsáid a bhaint as acmhainní foirne tá:

- atreorú a dhéanann an múinteoir ar mhac léinn chuig ball foirne ainmnithe eile (Leas-Phríomhoide, Ceann Bliana, Múinteoir Foirme, Teagascóir) mar chuid den idirghabháil phleanáilte
- atreorú chuig Comhairteoir, Séiplíneach, nó chuig ball eile foirne ag a bhfuil ról ar leith nó scileanna a bhaineann le bainistíocht iompair
- tacaíocht piara agus monatóireachta i gcomhair múinteoir aonair ranga
- an clár tréadchúraim.

Is féidir le baill foirne, ag obair lena chéile, tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ranga ar bhealaí éagsúla

- trí chuidiú leis an múinteoir machnamh agus anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le mí-iompar mic léinn
- trí chuidiú chun dóigheanna a aimsiú leis an iompar a athrú.

8.5 Bulaíocht agus ciapadh

Ní foláir do Bhoird Bhainistíochta polasaithe a bheith acu chun dul i ngleic le bulaíocht agus ciapadh nó chun iad a chosc.

Ní mór do scoileanna soiléiriú ina gcód iompair nach nglacfar le bulaíocht. Tá dualgas cúraim phroifisiúnta ar mhúinteoirí dul i ngleic le bulaíocht agus treisíonn An Roinn Oideachais agus Eolaíochta an dualgas sin nuair a éilíonn siad ar scoileanna polasaithe frithbhulaíochta a bheith acu.

Chomh maith le soiléiriú go bhfuil cosc ar bhulaíocht ar scoil, agus go bhfuil polasaí frithbhulaíochta ann, ba chóir don chód iompair a chur in iúl cad a dhéanfaidh an scoil chun freagairt do chásanna líomhnaithe bulaíochta. Is féidir teimpléid agus treoir a fháil maidir le polasaithe frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh scoileanna ar an eolas go bhfuil raon reachtaíochta agus treorach ann maidir le ciapadh agus le ciapadh gnéasach i scoileanna agus in áiteanna eile fostaíochta. Ag eascairt ón reachtaíocht, éilítear ar scoileanna polasaithe a chur i ngníomh a chosnaíonn mic léinn agus an fhoireann ar bhaill eile de phobal na scoile, ó chiapadh.

Tionchar na bulaíochta agus an chiaptha a aithint

Mar thoradh ar bhulaíocht agus ar chiapadh is féidir leis an íospartach dul i mbun iompair atá míchuí. Ba chóir do scoileanna freagairt nuair a eascraíonn iompar míchuí as a leithéid sin de bhriogadh agus ní cóir díriú ar dhroch-iompar an mhic léinn a ndearnadh bulaíocht nó ciapadh air nó uirthi.

8.6 Úsáid smachtbhannaí

Ba chóir don Bhord Bainistíochta cur chuige sa scoil uile a chothú maidir le húsáid smachtbhannaí. Ní mór don chur chuige iad seo a leanas a chuimsiú:

- soiléire maidir le ról agus cuspóir na smachtbhannaí
- dea-chleachtas in úsáid smachtbhannaí
- dualgas cúraim na scoile
- tacaí do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais.

Is é is cuspóir don smachtbhanna ná go bhfoghlaimodh an mac léinn uaidh.

Cuspóir smachtbhannaí

Is é cuspóir smachtbhannaí athrú iompair a bhaint amach ach:

- cuidiú le mic léinn a fhoghlaim go bhfuil a n-iompar do-ghlactha
- cuidiú le mic léinn an tionchar a bhíonn ag a gcuid gníomhartha agus ag a n-iompar ar dhaoine eile a aithint
- cuidiú le mic léinn (i ndóigheanna ábhartha de réir a n-aoise agus a bhforbartha) a thuiscint go bhfuil roghanna acu faoina n-iompar féin agus go mbíonn iarmhairtí ag gabháil le gach rogha
- cuidiú leo foghlaim bheith freagrach as a n-iompar.

Ina theannta sin, is féidir le smachtbhanna:

- teorainn a threisiú mar atá leagtha amach sa chód iompair
- fógart do mhic léinn eile agus d'fhoireann go bhfuil a leas á chosaint.

I gcás níos tromchúisí ina sáráitear caighdeán na scoile, is féidir go bhfuil smachtbhannaí de dhíth chun:

- cur isteach tromchúiseach ar theagasc agus ar fhoghlaim a sheachaint
- an mac léinn, nó mic léinn eile nó daoine fásta, a choinneáil slán.

Dea-chleachtas in úsáid smachtbhannaí

Ba chóir smachtbhannaí a úsáid ar bhealach a chinntíonn:

Go bhfuil Smachtbhannaí mar chuid de phlean chun iompar a athrú

Is cineál idirghabhála dearfach an smachtbhanna. Ní dócha go n-athróidh an smachtbhanna leis féin an t-iompar, ámh. Ba chóir smachtbhannaí a úsáid mar chuid de phlean níos leithne chun cuidiú leis an mac léinn foghlaim óna n-iompar.

Ba chóir go n-úsáidfí smachtbhanna ar bhealach ómósach a chuidíonn le mic léinn torthaí a n-iompair a thuiscint agus leis an bhfreagracht a ghlacadh chun an t-iompar sin a athrú. Ní mór don smachtbhanna, go háirithe:

- an teannas a bhaint ón scéal, gan é a fhorfhéadú
- dínit na bpáirtithe uile a chaomhnú
- a bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach cóir comhsheasmhach
- a bheith tráthúil.

Go n-úsáidtear smachtbhannaí go seasta

Tá sé mar fhreagracht ar lucht bainistíochta na scoile a chinntiú go n-úsáideann gach ball foirne smachtbhannaí comhaontaithe go seasta. Baineann sé seo le suibíachtúlacht agus cuidíonn le cothroime a chinntiú. Ba chóir go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoin leibhéal smachtbhanna a bhfuil cead acu a chur i bhfeidhm.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag mic léinn agus tuismitheoirí cad iad na smachtbhannaí atá in úsáid sa scoil

Is gá polasaí na scoile i leith smachtbhannaí a chur in iúl go soiléir. Ba chóir go mbeadh a fhios ag mic léinn nuair atá an cód sáraithe acu agus go bhfuil smachtbhanna mar phionós ar an sárú sin. Ba chóir go mbeadh mic léinn in ann smachtbhanna a aithint le hiompar ar leith agus go mbeadh a fhios acu gur eascair an smachtbhanna ón iompar sin.

Go bhfuil smachtbhannaí comhréireach

Ba chóir go mbeadh an smachtbhanna i gcomhréir le tromchúis agus le cineál an iompair. Ba chóir go n-idirdhealódh cinntí maidir le húsáid smachtbhannaí idir mion-mhí-iompar agus mí-iompar tromchúiseach. Braithfidh an dearcadh i leith tromchúis an iompair ar chúpla rud seachas an t-iompar féin. Cuirfidh na cúiseanna seo anailís an iompair i gcomhthéacs, lena n-áirítear

- minicíocht, fad agus marthanacht an iompair
- más cuid de phatrún mí-iompair é atá ag éirí níos measa
- comhthéacs an iompair.

Go bhfuil smachtbhannaí iomchuí

Ba chóir go mbeadh smachtbhannaí i gcomhréir le haois agus le staid forbartha an mhic léinn agus cúlra cultúrtha an mhic léinn a chur san áireamh. Ba chóir do smachtbhannaí a bheith íogair ó

thaobh na gcúinsí áirithe atá ag daoine leochaileacha nó ag grúpaí mac léinn (mar shampla, leanbh i gcúram nó leanbh le riachtanais speisialta oideachais). D'fhonn an reachtaíocht chomhionannais a chomhlíonadh, ní ceadmhach smachtbhannaí a úsáid ar bhealach a idirdhealaíonn idir mic léinn nó grúpaí mac léinn áirithe agus ba chóir go mbeadh an scoil ar an eolas i gcónaí go bhféadfadh smachtbhannaí áirithe tionchar díréireach a bheith acu ar ghrúpaí áirithe.

Is iad na scoileanna féin a chinnefidh cad iad na smachtbhannaí a úsáidfear, bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus ar eolas ar chomhthéacs ar leith an mhic léinn agus an iompair. Áirítear ar na samplaí:

- iomardú ó bhéal
- iad a bhaint as grúpa (sa rang)
- pribhléidí a bhaint
- iad a tharraingt amach as ceacht nó as piarghrúpa ar leith
- tasc úsáideach a dhéanamh sa scoil
- coinneáil siar i ndiaidh scoile
- tuairisc fhoirmiúil chuig an mBord Bainistíochta.

Má úsáidtear coinneáil siar i ndiaidh scoile mar smachtbhanna sa scoil, ba chóir é seo a bheith soiléir sa chód iompair scríofa. Ba chóir go dtabharfaí fógra cuí do thuismitheoirí ina leith.

I measc na smachtbhannaí mí-oiriúnacha tá:

- pionós fisiceach nó bagairt pionós fisiceach: tá bualadh fisiceach mic léinn i gcoinne an dlí de réir an *Achta um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine*, 1997
- magadh, tarcaisne nó focail ghéara a dhéanfaidh damáiste d'fhéinmhuinín an mhic léinn
- náiriú poiblí nó príobháideach
- ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm ar ghrúpaí nó ranganna iomlána i gcásanna a bhaineann le héagóir duine aonair nó le grúpa beag
- ag fágáil mic léinn i suíomh gan mhaoirseacht (m.sh. amuigh sa phasáiste) agus é nó í faoi chúram na scoile
- aonrú dianseasmhach nó ag tabhairt neamhairde ar mhac léinn i rang
- smachtbhannaí atá á n-úsáid ar dhóigh leatromach. Éilíonn na *hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004* nach ndéanann scoileanna leithcheal in úsáid smachtbhannaí.

Féadfaidh sé a bheith iomchuí mac léinn a bhaint as seomra ranga ar feadh tréimhse agus é/í faoi mhaoirseacht ar mhaithe le bainistiú an tseomra ranga d'fhonn a chinntiú gur féidir leis na mic léinn eile a bheith ag foghlaim agus chun cuidiú leis an mac léinn a aithint go bhfuil iarmhairtí ag baint leis an iompar. Ní bheadh sé iomchuí, ámh, rochtain a dhiúltú don mhac léinn ar chuid áirithe den churaclam **mar smachtbhanna ginearálta**.

Dualgas cúraim na scoile

Ba chóir don scoil, agus do gach múinteoir, a chinntiú, agus iad ag cur smachtbhanna i bhfeidhm, go ndéantar cúram den mhac léinn i gcónaí. Is dualgas proifisiúnta é cúram an mhúinteora, rud a léiríonn oiliúint, scil agus eolas an mhúinteora. Éileoidh an dualgas seo, mar shampla, go gcoinnítear súil ar an mac léinn i gcónaí agus é nó í ar scoil. Ní mór socruithe oiriúnacha a dhéanamh freisin

chun a chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte cosanta leanaí (féach An Roinn Sláinte agus Leanaí, (1999) *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*).

Mic léinn le riachtanais speisialta oideachais

Is féidir go mbeadh smachtbhannaí de dhíth chun cuidiú le mac léinn le riachtanais speisialta oideachais foghlaim faoi iompar oiriúnach agus faoi scileanna, díreach mar a bheadh ag mac léinn ar bith.

Ba chóir do mhúinteoirí bheith cúramach go gcuidíonn siad leis an mac léinn le riachtanais speisialta aidhm an smachtbhanna a thuiscint go soiléir agus an fáth a bhfuil a n-iompar do-ghlactha. Tá na cleachtais scoile agus seomra ranga a thacaíonn le dea-iompar bailí le haghaidh gach mic léinn, lena n-áirítear iad siúd le riachtanais speisialta oideachais.

8.7 Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar iompar a tharlaíonn lasmuigh den scoil

De ghnáth baineann na caighdeáin agus na rialacha atá sa chód iompair le mic léinn atá lasmuigh den scoil ach atá fós faoi chúram na scoile. Ar na samplaí seo tá turais scoile, cluichí agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus freastal ar imeachtaí a eagraíonn an scoil. Ba chóir go mbeadh sé soiléir do mhic léinn agus do thuismitheoirí sa chód iompar scríofa cathain agus cá háit a bhfuil forálacha an chóid iompair i bhfeidhm.

Nuair atá sé líomhnaithe go raibh mac léinn i mbun mí-iompair thromchúisigh lasmuigh den scoil, nuair nach raibh an mac léinn faoi chúram na scoile, ní bheadh feidhm ag an gcód iompair mura bhféadfaí a chruthú go raibh nasc soiléir ann leis an scoil agus go rachadh sé i bhfeidhm ar obair na scoile. Féadfaidh go mbeadh gá ag údaráis na scoile le comhairle dlí i gcás go mbeadh scéal casta i gceist.

Príomhriachtanais: Freagairt d'iompar míchuí

Is é a chiallaíonn na Treoirlínte a chur i ngníomh:

Polasaí a fhorbairt ar an dóigh a n-úsáidfeadh smachtbhannaí chun cuidiú leis na mic léinn iompar do-ghlactha a athrú


Go mbeidh córas straitéise comhaontaithe ann le haghaidh idirghabhála go dearfach chun cuidiú leis na mic léinn iompar do-ghlactha a athrú

Go ndéanfaí ról agus freagrachtaí a shainmhíniú go soiléir do bhaill foirne maidir le hiompar agus na ról seo a chur in iúl go forleathan

Dóigh chaighdeánaithe a aontú chun ábhair a bhaineann le hiompar mac léinn a chur ar thaifead

9

An cód iompair a chur i ngníomh



An cód iompair a chur i ngníomh

Braitheann rath an chóid iompair ar phlean maith a bheith ann chun a chinntiú go gcuirtear an cód iompair i ngníomh sa scoil. Seo a leanas na príomhghnéithe i bplean feidhmiúcháin:

- an cód a chur in iúl
- na scileanna iompair atá de dhíth ar na mic léinn a theagasc dóibh
- tacaíocht a fháil ó thuismitheoirí don chód
- monatóireacht a dhéanamh ar iompar ar scoil
- athbheithniú ar an gcód (féach Caibidil 2 *Iniúchadh agus athbheithniú ar an gcód iompair*).

Braitheann rath an chóid iompair ar phlean maith a bheith ann chun a chinntiú go gcuirtear an cód iompair i ngníomh.

9.1 An cód iompair a chur in iúl

Éilíonn alt 23(4) den *Acht Oideachas (Leas), 2000* ar an scoil cóip de chód iompair a sholáthar do thuismitheoirí sula gcláraítear leanbh na dtuismitheoirí sin sa scoil. Dar leis an Acht d'fhéadfadh an Príomhoide a éileamh ar na thuismitheoirí cóip den chód a shíniú agus iarraidh ar na thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an cód inghlactha dóibh agus go ndéanfaidh siad iarracht réasúnta a chinntiú go ndéanfaidh a leanbh é a chomhlíonadh.

Ba chóir go mbeadh thuismitheoirí agus mic léinn ar an eolas go bhfuil freagracht ar an scoil cód iompair a fhorbairt agus a chur i ngníomh agus gur orthu féin atá an fhreagracht, mar bhaill de phobal na scoile, as a n-iompar sa scoil. Ní leor é go síneodh thuismitheoirí (go háirithe thuismitheoirí nua don scoil) an cód iompair le go mbeadh thuismitheoirí ag tacú leis an gcód. Beidh clár níos forleithne de dhíth chun cuidiú leis na thuismitheoirí spríocanna agus caighdeáin a thuiscint, leis an dóigh ar féidir leo cuidiú lena bpáistí agus leis an gcuidiú ar féidir leo a bheith ag súil leis ón scoil má bhíonn sé de dhíth.

Tá ról ar leith ag an bPríomhoide agus ag an Leas-Phríomhoide a chinntiú go bhfuil modhanna cumarsáide eile ann ionas go mbeidh tuiscint ag thuismitheoirí ar na noirm agus na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcód agus an tábhacht a bhaineann le go dtabharfadh na thuismitheoirí tacaíocht do chothabháil an iompair dhearfa i measc na mac léinn.

An cód mar dhoiciméad poiblí

Ba chóir do scoileanna cód iompair scríofa a bheith acu. Tá doiciméad scríofa ar bhealach maith an próiseas cuimsitheach a shainaithint inar féidir an cód a fhorbairt agus feidhmíonn sé freisin mar bhealach an cód a chur in iúl do gach ball de phobal na scoile. Ba chóir go gcuirfeadh an cód síos ar gach gné thábhachtach de pholasáí iompair na scoile.

Teimpléad don chód iompair scríofa

- Mar a forbraíodh ár gcód
- Ár bhfís chaidrimh agus iompair sa scoil agus na bealaí ina gcothaíonn an scoil dea-iompar
- Ráiteas Misin na Scoile (ag léiriú aon doiciméid bhunaigh arna sholáthar ag an bPátrún)
- Na hionchais do mhic léinn, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí agus an bealach a gcaitheann siad lena chéile
- Mar is féidir le mic léinn, múinteoirí agus thuismitheoirí, scoil shona a chothú
- Róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le hiompar
- Cuspóir agus ábhar na rialacha scoile
- Córais chun aitheantas a thabhairt do mhic léinn maidir le hiompar, dul chun cinn, agus dícheall (m.sh. córais luaíochta)
- Mar is féidir le mic léinn, múinteoirí agus thuismitheoirí cuidiú lena chéile leis na caighdeáin tuartha sa scoil a bhaint amach
- Mar a bhfaigheann thuismitheoirí agus mic léinn cuidiú nuair a thagann fadhbanna aníos
- Na hiarmhairtí a bhaineann le hiompar do-ghlactha: cad a tharlaíonn nuair a sháraíonn daoine na rialacha (freagairtí agus smachtbhannaí)
- Nósanna imeachta maidir le coinneáil istigh, má úsáidtear iad
- Tagairt do pholasaithe scoile atá ann chun déileáil le bulaíocht, le ciapadh agus le ciapadh gnéasach
- Cathain agus cá háit a mbeidh iompar faoi réir an chóid iompair (m.sh. bus scoile, turais scoile, gníomhaíochtaí eile atá bainteach leis an scoil)
- Nósanna imeachta maidir le fionraí agus díbirt
- Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt don scoil má bhíonn mac léinn as láthair ón scoil
- Nósanna imeachta maidir le cúis imní a léiriú nó gearán a dhéanamh faoi iompar
- An plean d'athbhreithniú an chóid
- Sonraí an té ar chóir dul i dteagmháil leis/léi ó thaobh cúrsaí iompair
- Dáta ar fhaomh an Bord Bainistíochta agus an Pátrún an cód (nó cuid nua den chóid).

Rochtain ar an gcód do chách

Ba chóir don Chód bheith scríofa ar dhóigh a chuireann an pobal áirithe ar a bhfreastalaíonn an scoil san áireamh, chun a chinntiú go bhfuil sé ar fáil go furasta agus úsáid a bhaint as. Ba cheart teanga shimplí a úsáid, le samplaí nithiúla agus le míniúcháin. Caithfear breathnú air agus soláthar ábaltacht thuismitheoirí a thuiscint agus cumarsáid a dhéanamh i dteanga na scoile, ba chóir go ndéanfaí aistriúcháin de réir mar is cuí. Ba chóir go mbeadh scoileanna ar an eolas maidir le bacainní eile ar chumarsáid agus an gá atá ann go mbeadh an cód ar fáil i bhformáidí éagsúla. Féadfaidh pobal scoile cultúir agus cúlraí éagsúla a chuimsiú. San iarracht a chinntiú go bhfuil an cód inrochtana do chách, féadfaidh gá a bheith le míniú a thabhairt ar an ábhar, an teanga agus an míniú ar bhealach ar leith do ghrúpaí éagsúla, mar shampla An tSeirbhís Múinteoirí ar Cuairt chuig an Lucht Siúil.

9.2 An cód a theagasc agus cur le cumas na mac léinn

Ní foláir do scoileanna an t-iompar a bhfuil siad ag súil leis ó mhic léinn a shainmhíniú agus é a theagasc do na mic léinn. Is féidir le scoileanna scileanna a thabhairt do mhic léinn chun a n-iompar féin a bhainistiú agus chun freagairt go héifeachtach agus go hoiriúnach d'iompar ó dhaoine eile. Sa dóigh seo, tugann scoileanna bunscileanna saoil do dhaltaí, agus chomh maith leis sin cruthaítear timpeallacht mhaith don teagasc éifeachtach agus don fhoghlaim.

Ba chóir go mbeadh daoine fásta ag lorg deiseanna chun iompar a thógann pobal scoile a chothú agus dúshlán a thabhairt d'aon iompar a lagaíonn an pobal sin.

Bíonn gá ag mic léinn le raon deiseanna chun cead cainte a fháil i gcinntí a théann i gcion orthu agus chun saoránacht ghníomhach a chleachtadh. Is féidir na deiseanna seo a thairiscint don duine aonair, ag leibhéil ranga agus bliana agus ag leibhéal na scoile uile, ar dhóigheanna a chuireann san áireamh difríochtaí aoise, i gcéim forbartha, i dtaithe agus i gcumas.

I measc na ndeiseanna chun scileanna a bhaineann le caighdeáin iompair a bhfuiltear ag súil leo sa scoil a theagasc tá:

- tagairt don chód i rang ar bhonn rialta agus ag cur na luachanna i bhfeidhm i ngach rang
- soiléiriú ar thuiscint na mac léinn ar iompar a bhfuiltear ag súil leis
- iompar oiriúnach agus mí-oiriúnach a phlé leis na mic léinn
- ag foghlaim agus ag teagasc na rialacha agus ag forbairt pleananna ceachta maidir le gach riail
- ag úsáid an chláir Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte agus deiseanna seach-churaclaim (ceol, spórt, drámaíocht, clubanna i ndiaidh scoile nó clubanna oibre baile) mar mhodhanna chun scileanna a theagasc a bhaineann le hiompar freagrach agus le caidrimh fhreagracha
- mic léinn a bheith rannpháirteach in athbhreithniú agus i bhforbairt polasaithe scoile, mar chuid de phleanáil forbartha.

Mic léinn sa tréimhse athraithe

Bíonn sé an-dúshlánach nuair a bhíonn tréimhsí móra athraithe i saol an mhic léinn. Bíonn mic léinn na chéad bhliana ag leibhéal iar-bhunscoile agus naíonáin shóisearacha ag teacht isteach sa scoil ag plé le córas de teorainneacha atá an-éagsúil ó na teorainneacha a bhfuil cleachtadh acu orthu. Bíonn ar leanaí atá ag aistriú scoile, iad siúd ó chúlraí oideachais, teanga agus sóisialta éagsúla agus iad siúd a bhfuil cúrsaí ag athrú sa teaghlach, constaicí móra a shárú.

Cuir i gcás, tá cuidiú de dhíth ar dhaltaí atá ag aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil le tuiscint a fháil ar thimpeallacht éagsúil na hiar-bhunscoile. Is féidir go bhfuil cód éadaí na scoile níos déine, is féidir go mbeadh difríochtaí in ionchais i measc múinteoirí agus céim níos airde eagrúcháin mar cheangal ar an mac léinn i mbainistíocht leabhar, in aistriú seomraí agus araile, mar a léiríonn *Moving Up: The Experiences of First-Year Students in Post Primary Education* (NCCA, 2004).

Do leanaí i rang na naíonán sóisearach, d'fhéadfadh athrú a theacht ar a bhfuil na daoine fásta ag súil leis ó thaobh suí in áit amháin ar feadh tréimhse ama, ó thaobh éisteachta de agus maidir le comhroinnt le mic léinn eile.

I gcás go bhfuil deacrachtaí ag mic léinn aistriú chuig scoil nua, d'fhéadfadh iompar do-ghlactha eascairt as sin. Má tá clár ag scoil chun cuidiú le mic léinn aistriú go sásúil, is féidir na deacrachtaí seo a mhaolú nó a sheachaint.

Mic léinn le riachtanais speisialta oideachais

Is féidir go bhfuil cuidiú de dhíth ar dhaltá le riachtanais speisialta oideachais chun an cód a thuiscint agus a chomhlíonadh. Is féidir go bhfuil ar mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais foghlaim faoi chúiseanna agus éifeachtaí iompair ar dhóigheanna níos inbhraite, cuir i gcás trí phictiúir, scannáin nó trí rólghlacadh. Is féidir nach mbeidh siad in ann iarmhairtí a réamh-mheas chomh furasta agus a gcuid piaraí agus mar sin, a bheith i mbaol.

9.3 Caidrimh le tuismitheoirí a fhorbairt

Cuideoidh caidrimh dhearfacha agus bealaí follasacha cumarsáide le tuismitheoirí tacú leis an gcód iompair agus cabhrú lena chur i ngníomh le gníomhaíochtaí mar seo a leanas:

- réamhchruinniú do thuismitheoirí agus do mhic léinn, ag plé go sainiúil leis an gcód, le caighdeáin scoile, le hionchais do na mic léinn agus leis an bpáirt a ghlacann tuismitheoirí chun cuidiú le mic léinn ionchais a chomhlíonadh
- tuismitheoirí a spreagadh le heolas a roinnt ar rud ar bith ar féidir leis cur isteach ar iompar an mhic léinn sa scoil, agus ag cinntiú go bhfuil siad eolach ar an dóigh chun é sin a dhéanamh
- córais réamhrabhaidh chun foláireamh a thabhairt do thuismitheoirí faoi iompar an mhic léinn, chun gur féidir dóigheanna le cuidiú leis an mac léinn a phlé agus a chomhaontú
- bealaí soiléire trína bhfuil tuismitheoirí in ann imní ar bith atá orthu faoi mhac léinn a chur in iúl, agus scrúdú ar dhóigheanna chun cuidiú leis an mac léinn
- eolas á thairiscint ag Cumann na dTuismitheoirí, ar nós cainteanna nó ceardlanna ar chúrsaí iompair agus ar ghnéithe d'fhorbairt leanaí agus ógánach
- rannpháirtíocht tuismitheoirí le hathbheithniú agus pleanáil polasaithe scoile, mar chuid de phleanáil forbartha scoile.

9.4 Monatóireacht ar iompar sa scoil

Ní tasc aon uaire é forbairt an chóid. Is córas beo agus dearfach tuairimí agus gníomhaíochtaí é an cód a chuidíonn a chinntiú gur suíomhanna éifeachtacha iad an scoil agus an rang scoile le haghaidh foghlama agus teagaisc.

Ba chóir don scoil a bheith ar an eolas maidir leis an dóigh a n-oibríonn an cód agus a n-éiríonn leis lena spriocanna. Éilíonn seo socrúithe monatóireachta agus taifeadadh iompair sa scoil agus am curtha ar leataobh le hanailís a dhéanamh ar fhaisnéis ón bpróiseas monatóireachta.

Baileoidh córas maith monatóireachta ar chaighdeán an iompair faisnéis údarásach fhírinneach ón mBord Bainistíochta, ó mhúinteoirí, ó mhic léinn agus ó thuismitheoirí ar chaighdeán an iompair go

ginearálta nó do ghrúpaí ranganna ar leith. Bainfidh sé cothromaíocht amach idir tuairimí suibíachtúla agus faisnéis fhírinneach maidir lena bhfuil ag titim amach, agus baileoidh sé faisnéis maidir le dea-iompar agus mí-iompar ar aon. Bainfidh sé úsáid as téarmeolaíocht bhuanseasmhach chun iompar a phlé. (féach **8.3**).

Bainfidh monatóireacht rialta é seo a leanas amach:

- rabhadh a thabhairt d'fhoireann na scoile maidir le fadhbanna atá ag teacht chun cinn do mhac léinn nó do ghrúpa mac léinn áirithe
- claonta nó patrúin, mar shampla ag am an lae, a thaispeáint, suíomh nó cúinsí a bhaineann le ceachtar de mhí-iompar nó le cásanna dea-iompair go háirithe
- eolas a chur ar fáil do lucht bainistíochta na scoile atá uathu chun maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil ag éirí leis an gcód
- faisnéis a thabhairt le cuidiú leis an scoil amharc ar fháthanna a d'fhéadfadh a bheith mar chúis an iompair áirithe nó má bhíonn grúpaí mac léinn áirithe ina dtargaidí ciaptha nó bulaíochta
- faisnéis a thabhairt maidir leis na nithe a n-éiríonn leo agus ar an rud atá ag obair go maith
- an riosca le lipéad leatromach a chur ar mhac léinn ó rang go rang nó ó bhliain go bliain a sheachaint, agus é ag soláthar sonraí fírinneacha ar bhreithiúnas ar bith faoi iompar.

Ba chóir don Bhord Bainistíochta, in éineacht leis an bPríomhoide, an fhaisnéis a bhailítear ó mhonatóireacht an chóid a scrúdú ar bhonn reatha. In áiteanna a mbeadh cúis imní ag eascairt as patrúin nó treochoitaí, ba chóir don Bhord bearta a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an bPríomhoide, le hamharc go cruinn ar fháthanna a d'fhéadfadh a bheith leis sin agus réitigh a bhreithniú a sheachnódh leabú na bhfadhbanna sin sa scoil nó i measc grúpa áirithe. Ar cheann de na torthaí ar an bpróiseas monatóireachta bheadh cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar chuid den chóid iompair.

Ba chóir dul i gcomhairle le mic léinn agus le tuismitheoirí chun a dtuairimí a fháil ar an gcúis atá le treochoitaí agus le patrúin áirithe. Is féidir leo léargais luachmhara a sholáthar maidir leis na cúiseanna, chomh maith le réitigh a aimsiú.

Taifid

Cuirfidh córas taifid caighdeánaithe maidir le hiompar ar chumas na scoile iompar duine aonair a rianú agus a chinntiú go bhfuil ag éirí leis na hiarrachtaí an t-iompar sin a athrú. Ba chóir go dtaifeadfaí gach idirghabháil a dhéantar chun cuidiú leis an mac léinn dul i ngleic le hiompar do-ghlactha fosta, agus teagmháil le tuismitheoirí nó atreorú chuig gníomhaireacht san áireamh. Ba chóir go mbeadh freagraí dearfacha ón mac léinn, agus faisnéis ar iompar athraithe, agus smachtbhanna ar bith á úsáid, in éineacht leis an gcúis ar cuireadh an smachtbhanna i bhfeidhm.

Ba chóir a insint don mhac léinn nuair a bhíonn taifead á dhéanamh ar a n-iompar, agus na fáthanna leis an taifead a bheith á choinneáil.

Ba chóir go gcoinneofaí taifid de réir an *Achta um Chosaint Sonraí, 1988* agus an *Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003*. Baineann na hocht riail um chosaint sonraí le taifid phearsanta atá á gcoinneáil i scoil:

1. Sonraí a fháil agus a phróiseáil go cóir cothrom.
2. Gan sonraí a choinneáil ach chun críche nó críocha atá sonrach, follasach agus dlíthiúil.
3. Gan sonraí a úsáid agus a nochtadh ach amháin ar bhealaí atá i gcomhréir leis na cuspóirí seo.
4. Sonraí a choinneáil slán sábháilte.
5. Sonraí a bheith beacht, comhlán agus cothrom le dáta.
6. A chinntiú go bhfuil na sonraí imleor, iomchuí agus gan iad a bheith iomarcach.
7. Gan sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche nó chun na gcríocha.
8. Cóip a thabhairt don duine dá sonraí pearsanta má iarrann siad é.

Faisnéis do thuismitheoirí

Mar chuid dá dhualgas chun ábhair a bhaineann le hoibriú agus le feidhmíocht a chur in iúl do thuismitheoirí, ba chóir go gcuirfeadh an Bord Bainistíochta tuairisc ar iompar sa scoil san áireamh ina thuairisc bhliantúil do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, d'fhoireann eile agus don Chomhairle Mac Léinn, más ann di (*Acht Oideachais, 1998* alt 20).

9.5 Plé le cúiseanna imní nó le gearáin

Mar chuid den chur i ngníomh ba chóir go mbeadh dóigheanna a bhfuil fáil orthu arbh fhéidir le foireann, le tuismitheoirí agus le mic léinn dul i mbun cainte faoi chúis imní iompair ar bith atá acu, nó faoi ghné ar bith den chód iompair. Ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí agus mic léinn ar an eolas faoin dóigh chun é seo a dhéanamh. Is aiseolas luachmhar gearáin don scoil agus ba chóir fáiltiú rompu agus tacú le daoine iad a dhéanamh. Ba chóir go mbeidh modhanna ann le gearáin fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon a dhéanamh. Ba chóir don scoil réiteach a lorg a luaithe agus is féidir agus chomh cóngarach d'fhoirse na faidhbe agus is féidir.

Ní foláir do scoileanna a chinntiú nach ndearnadh íospartach de dhuine ar bith a bhfuil cúis ghearáin faoi nó a labhraíonn amach faoi leithcheal, faoi chiapadh nó faoi chiapadh gnéasach.

Caithefear a chur in iúl do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin bhforáil atá déanta ag an scoil i dtaca le plé le gearáin agus faoi nósanna imeachta achomhairc atá ar fáil faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*.

9.6 Fógra a thabhairt maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil

Ní foláir don chód iompair cur síos ar na nósanna imeachta ar ghá do thuismitheoirí a leanúint nuair atá siad ag cur in iúl don scoil go bhfuil leanbh as láthair (*Acht Oideachais (Leas), 2000* alt 23(2)(e) & alt 18). Ba chóir don chomhairle a sholáthraítear do thuismitheoirí maidir le fógra an méid seo a leanas a áireamh:

- an tábhacht a bhaineann leis an scoil a chur ar an eolas maidir le hasláithreacht a linbh is cuma cibé cúis
- cathain ar mhian leis an scoil go gcuirfí ar an eolas iad (e.g. ar an gcéad lá asláithreachta nó nuair a fhilleann an mac léinn ar scoil)
- an duine le cur ar an eolas
- an modh le húsáid chun an scoil a chur ar an eolas (e.g. leabhar nótaí, glaoch gutháin, teachtaireacht téacs)
- an gá atá le heolas sonrach a thabhairt don scoil faoi na cúiseanna leis an asláithreacht

- aon riachtanais atá ag an scoil maidir le teastas dochtúra a sholáthar d'asláithreachtaí suntasacha toisc breoiteachta
- aon chóras a úsáideann an scoil chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nuair atá mac léinn as láthair (e.g. teachtaireacht téacs) agus an chaoi a bhfuiltear ag súil a fhreagróidh an tuismitheoir
- cén beart a chuirfidh an scoil i gcrích má theipeann ar thuismitheoir fógra a thabhairt don scoil maidir le hasláithreacht mhic léinn.

I gcás go gcuireann an scoil foirm ar fáil do thuismitheoirí lena comhlánú maidir le hasláithreacht, ní mholtar catagóirí a sholáthar ar féidir iad a roghnú le tic a chur i mbosca. Ba chóir spás a sholáthar áit a scríobhfar **fíorchúis** na hasláithreachta.

Príomhriachtanais: An cód iompair a chur i ngníomh

Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:

Go mbeadh clár éifeachtach ann leis an gcód iompair a chur in iúl

Cód scríofa a bheith ann

A chinntiú go bhfuil an cód scríofa mar chuid de chlár chun cuidiú le tuismitheoirí tacú leis an gcód

Pleananna ceachta a fhorbairt, maille le clár chun scileanna agus eolas atá de dhíth ar na mic léinn a theagasc ionas go n-iompróidh siad iad féin go maith


Aird ar leith a thabhairt ar mhic léinn a d'fhéadfadh bheith leochaileach

Monatóireacht agus anailísiú a dhéanamh ar phátrúin iompair sa scoil

Nósanna imeachta a bheith ann chun fógra a thabhairt nuair nach mbeidh leanbh i láthair ar scoil

10

Fionraithe agus díbirtí:
ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla



Fionraithe agus díbirtí: ceanglais dhlíthiúla agus ghnásúla

Cruthaíonn fáil ar oideachas deiseanna saoil do leanaí agus d'ógánaigh ar dhóigh bhunúsach. Dá bharr seo, is céim thromchúiseach é a mholadh mac léinn a eisiáimh, trí fhionraí nó trí dhíbirt, agus mar sin ní cóir tabhairt faoi ach amháin de bharr an iompair thromchúisigh.

10.1 An comhthéacs dlíthiúil

Cosnaítear an teidlíocht d'oideachas i raon forálacha bunreachtúla agus dlíthiúla agus sa Choinbhinsiún um Chearta an Duine. Ciallaíonn na cosaintí dlíthiúla seo, a bhaineann leis an gceart chun oideachais atá ag an mac léinn, go bhféadfaí achomharc a dhéanamh ar chinntí chun mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt agus gur féidir iad a chur faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na hArd-Chúirte.

Ceanglaítear ar scoileanna, faoi alt 23(2) den *Acht Oideachais (Leas), 2000*, sonrú ina gcód iompair na nósanna imeachta le leanúint sula gcuirtear mac léinn ar fionraí nó sula ndíbrítear an mac léinn as an scoil.

10.2 Freagracht an Bhoird Bhainistíochta

Ba chóir don Bhord Bainistíochta:

- a chinntiú go bhfuil polasaí ag an scoil, maille le nósanna imeachta, d'úsáid fionraí agus díbeartha atá ag cloí leis na Treoirínte agus le haon cheangal eile atá leagtha síos ag an bPátrún
- a chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus gach tuismitheoir ar an eolas faoi pholasaí na scoile maidir le fionraí agus le díbirt
- a chinntiú go n-úsáidtear gnáthaimh chóra d'fhionraí agus do dhíbirt agus go bhfuil an fhoireann go léir ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta sin
- cúram ar leith a dhéanamh go bhfuil gnáthaimh chóra ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus dóibh siúd le teanga éagsúil nó ó chúirí cultúrtha éagsúla
- a chinntiú go bhfuil an Bord Bainistíochta agus an Príomhoide ullamh dá ról maidir le húsáid fionraí agus díbeartha.

Am agus tráthúlacht

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta agus ar an bPríomhoide próisis agus nósanna imeachta atá riachtanach le haghaidh cinnteoireachta maidir le fionraí nó le díbirt a chur i bhfeidhm, a bhrostú.

Rúndacht

Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh a chinntiú go ndéileáiltear le gach ní san imscrúdú ar mhí-iompar líomhnaithe go hiomlán faoi rún.

10.3 Gnáthaimh chóra bunaithe ar phrionsabail an cheartais aiceanta

Éilíonn an dlí ar scoileanna nósanna imeachta cearta a leanúint i dtaca le moltaí chun mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt. Is ó Bhunreacht na hÉireann, ó Choinbhinsiúin idirnáisiúnta agus ó chásdlí a eascraíonn an ceanglas maidir le gnáthaimh chóra.

Tá dhá phríomhchuid ann i ngnáthaimh chóra:

- **an ceart go n-éistfí leat**
- **an ceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith.**

An chiall atá leis **an gceart go n-éistfí leat** ná:

- an ceart atá agat a fháil amach an bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar an mí-iompar líomhnaithe
- an ceart atá agat sonraí na líomhaintí atá á ndéanamh i do choinne a fháil amach maille le haon eolas eile a chuirfear san áireamh
- an ceart atá agat a fháil amach cén chaoi a ndéanfar an cheist a réiteach
- an ceart atá agat freagra a thabhairt ar na líomhaintí
- nuair is smachtbhanna tromchúiseach atá i gceist, an ceart atá agat éisteacht a fháil ón bhforas cinnteoireachta
- nuair is smachtbhanna tromchúiseach atá i gceist, an ceart atá agat ceisteanna a chur ar aon pháirtí nó ar aon fhinné nuair atá díospóid ann faoi na fíricí.

An chiall atá leis **an gceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith** ná:

- an ceart atá agat nach mbeadh aon laofacht sa chinnteoir
- an ceart atá agat go mbeadh an t-imscrúdú agus an chinnteoireacht neamhchlaonta.

Mar chuid den iarracht laofacht a sheachaint ní mór a chinntiú nach bhfuil an duine a bhfuil leas aige nó aici sa scéal páirteach sa chinnteoireacht. Má tá tuairimí fadbhunaithe, leas dílsithe nó rannpháirtíocht phearsanta ag an duine sa scéal, ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh an cás a réiteach.

Is é atá i gceist le próiseas neamhchlaonta ná próiseas ina mbunaítear an cinneadh ar mheastóireacht neamhchlaonta a dhéantar ar eolas agus ar fhianaise. Tríd is tríd, éilíonn an neamhchlaontacht go scarfaí an t-imscrúdú ón bpróiseas cinnteoireachta ionas go mbeadh an cinnteoir in ann aghaidh a thabhairt ar an gcás gan aon réamhthuirimí ina leith.

10.4 Gnáthaimh chóra a chur i ngníomh sa scoil

Sa scoil, baineann gnáthaimh chóra leo seo:

- **imscrúdú** ar mhí-iompar líomhnaithe a bhféadfadh fionraí nó díbirt eascairt as
- an próiseas **cinnteoireachta** maidir le (a) cibé acu an raibh an mac léinn i bun mí-iompair nó nach raibh agus (b) an smachtbhanna le gearradh.

Cuirfear san áireamh sa bhealach a fheidhmítear gnáthaimh chóra tromchúis an mhí-iompair líomhnaithe agus beidh aird aige ar céard atá réasúnta i gcomhthéacs na scoile áirithe sin.

Bíonn feidhm i gcónaí ag **prionsabail** na ngnáthamh cóir, agus braithfidh an leibhéal foirmiúlachta a úsáidfear leis na gnáthaimh chóra a chur i ngníomh ar thromchúis an mhí-iompair líomhnaithe agus ar thromchúis an smachtbhanna a d'fhéadfaí a ghearradh. Bheadh an leibhéal foirmiúlachta a mbeadh gá leis, mar shampla d'fhionraí do thráth nach faide ná trí lá, níos lú ná an leibhéal foirmiúlachta a mbeadh gá leis do chás fionraíochta níos faide nó i gcúinsí a bhféadfadh díbirt eascairt as.

Fiú i gcás na bpróiseas foirmiúil, ámh, bíonn ar na próisis a bheith cóir agus an dealramh a bheith orthu go bhfuil siad cóir. Tá feidhm, i ngach cás, ag na prionsabail a chinntíonn *an ceart atá agat go n-éistfí leat* agus *an ceart atá agat go mbeifí neamhchlaonta i do leith*.

Ciallaíonn an **ceart go n-éistfí leat** go gcuirfí an mac léinn agus a dtuismitheoirí go hiomlán ar an eolas maidir leis an líomhain agus leis na próisis a úsáidfear chun imscrúdú a dhéanamh ar an scéal agus teacht ar chinneadh, agus ní foláir deis a thabhairt dóibh freagairt don líomhain **sula** ndéantar cinneadh agus sula ngearrtar smachtbhanna tromchúiseach.

Ciallaíonn neamhchlaontacht sa chinnteoir mar shampla, dá gcuirfí mí-iompar i leith leanbh an Phríomhoide, ar mí-iompar é a bhféadfaí fionraí nó díbirt a ghearradh dá bharr, nach mbeadh an Príomhoide páirteach sa chinneadh.

Ar an gcaoi chéanna, dá gcuirfí mí-iompar i leith leanbh baill den Bhord Bainistíochta, ní fhreastalódh an tuismitheoir sin ar chruinnithe Boird ina mbeadh an cás á phlé ag an mBord.

Ciallaíonn prionsabal **na neamhchlaontachta sa chinnteoireacht** go mbeadh sé níos fearr, nuair is féidir é, go socródh an Príomhoide go reáchtálfadh ball eile den fhoireann an t-imscrúdú agus go gcuirfí tuairisc iomlán ar fhírí an cháis agus aon eolas iomchuí eile faoi bhráid an Phríomhoide. Ar an gcaoi seo bheadh an Príomhoide in ann cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh an mac léinn i mbun an iompair agus faoin smachtbhanna, bunaithe ar an iniúchadh.

I gcás go n-éileodh na cúinsí go reáchtálfadh Príomhoide imscrúdú chomh maith le cinneadh a dhéanamh agus smachtbhanna a mholadh, ní foláir dó nó di feidhmiú go cóir cothrom agus an dealramh a bheith air go bhfuil siad ag feidhmiú go cóir cothrom. Tá sé mar dhualgas ar an bPríomhoide athbhreithniú a dhéanamh ar an imscrúdú chun a chinntiú go ndearnadh é a reáchtáil go cóir cothrom. Ba chóir go mbeadh sé follasach don mhac léinn, do thuismitheoirí, don fhoireann agus do mhic léinn eile go bhfuil an Príomhoide, agus é/í ag feidhmiú mar chinnteoir, ag bunú a c(h)innidh, ar bhealach oibiachtúil, ar thorthaí an imscrúdaithe.

De ghnáth ní cóir don duine atá ag líomhain an mhí-iompair, nó atá ina (h)iospartach, nó ina f(h)inné an t-imscrúdú a reáchtáil.

Cuirfidh cur i bhfeidhm ciallmhar an bhreithiúnais ghairmiúil agus eolas ar cheanglais na ngnáthamh cóir treoir mhaith ar fáil maidir le cinnteoireacht nuair atá fionraí nó díbirt i gceist. I gcúinsí a bhfuil castacht ar leith ag baint leo, ámh, féadfaidh údarais na scoile comhairle dlí a lorg maidir lena gcinnteoireacht.

10.5 Mic léinn ocht mbliana déag d'aois nó níos sine

Tá feidhm ag forálacha na dTreoirínte do thuismitheoirí don mhac léinn nuair atá ocht mbliana déag d'aois sroichte ag an mac léinn (*An tAcht um Lán-Aois, 1985*). D'fhéadfadh sé tarlú mar sin


go n-iarrfadh mac léinn atá anois ina d(h)uine fásta ar an scoil an chumarsáid lena dtuismitheoirí a theorannú nó a shrianadh nó rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcúrsaí a bhaineann lena n-oideachas a shrianadh. I gcúinsí mar sin, comhairlítear do scoileanna, go háirithe i ndáil le fionraí agus díbirt, a chur in iúl do thuismitheoirí go bhfuil athrú tagtha ar an gcleachtas agus an chúis atá leis sin.

10.6 Na Gardaí a thabhairt isteach sa scéal

I gcás go bhfuil líomhaintí coiriúla á gcur i leith mic léinn, de ghnáth déanfar iad seo a atreorú chuig na Gardaí agus is orthu siúd atá an fhreagracht cúrsaí coiriúla a imscrúdú. Is féidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh don Óige a bheith ina fhoinsé mhaith tacaíochta agus comhairle don scoil agus don mhac léinn.

11

Fionraí



Fionraí

Chun críocha na dtreoirlínte seo, sainmhínítear fionraí mar seo a leanas:

é a cheangal ar an mac léinn a bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse shonraithe theoranta de laethanta scoile.

Le linn na tréimhse ar fionraí, coinníonn an mac léinn a (h)áit sa scoil.

Mar chuid den chód iompair, ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil polasaí agus nósanna imeachta ag an scoil maidir le húsáid fionraí atá ag cloí leis na Treoirlínte seo agus le haon cheanglas eile a leagfadh an Pátrún síos.

11.1 An t-údarás mac léinn a chur ar fionraí

Tá údarás ag Bord Bainistíochta scoil aitheanta mac léinn a chur ar fionraí. I gcásanna ina dtarmligean an Bord Bainistíochta an t-údarás seo don Phríomhoide, caithfidh an Bord é seo a dhéanamh go foirmiúil agus i scríbhinn.

Ní mór don údarás atá tarmligthe don Phríomhoide i ndáil le fionraí cur síos ar aon teorainn leis an údarás, agus sonrú cén chaoi a bhfuil an Príomhoide cuntasach don Bhord Bainistíochta ó thaobh a (h)úsáide ar an údarás sin. Ba chóir do chineachadh údaráis foráil na dTreoirlínte seo, aon cheanglais dhlíthiúla ábhartha agus Airteagail Bhainistíochta, nuair is cuí, a léiriú.

Scoileanna agus Coláistí arna mbunú nó arna gcothabháil ag na Coistí Gairmoideachais

I gcás na scoileanna agus na gcoláistí a bhunaigh an Coiste Gairmoideachais, nó atá á gcothabháil ag an gCoiste Gairmoideachais, tá an t-údarás ag an CG an mac léinn a chur ar fionraí. Féadfaidh an CG an t-údarás seo a chineachadh do Bhord Bainistíochta na scoile faoi alt 31 den *Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001*. Ba chóir don CG a chinntiú go bhfuil raon an údaráis a tugadh ag teacht le forálacha na dTreoirlínte seo, le hAirteagail Bhainistíochta agus le Múnla-Chomhaontú agus le haon reachtaíocht dlí iomchuí.

I gcás go molann Bord Bainistíochta an t-údarás seo a chineachadh don Phríomhoide, ba chóir don Bhord socrú foirmiúil cineachta a dhéanamh ag cur san áireamh forálacha an *Achta Gairmoideachais (Leasú), 2001*.

11.2 Na forais le haghaidh fionraí

Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis inní.

Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní. De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fhionraí, agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa chinnteoireacht go mbeadh forais thromchúiseacha ann chun an mac léinn a chur ar fionraí – mar shampla:

- go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huaire
- go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

11.3 A chinneadh cé chomh hoiriúnach is atá sé mac léinn a chur ar fionraí

I gcásanna ina bhfuil cuspóir na fionraí atá beartaithe sainaitheanta agus nuair nach féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar aon bhealach eile, tá fiúntas áirithe ag baint le mac léinn a chur ar fionraí.

Is féidir leis faoiseamh a sholáthar d'fhoireann agus don mhac léinn féin, nuair a chuirtear an mac léinn ar fionraí, ag cuidiú leis an mac léinn machnamh ar an nasc idir a g(h)níomh agus torthaí an ghnímh sin agus ag cuidiú le foireann dóigheanna a phleanáil chun cuidiú leis an mac léinn iompar do-ghlactha a athrú.

Is féidir, áfach, le fionraí bheith frith-thorthúil má úsáidtear í gan réasúnaíocht shoiléir a bheith mar bhunús léi nó gan a tionchar nó a fiúntas a mheasúnú. Ba chóir do Lucht Bainistíochta na Scoile cuimhneamh ar an riosca a bhaineann le torthaí a d'fhéadfadh a eascairt as fionraí, nach bhfuiltear á lorg, mar shampla go mbraithfeadh an mac léinn scoite amach ón scoil, rud a threiseodh an timthriall mhí-iompair agus na fadhbanna acadúla.

Gnéithe le cur san áireamh sula gcuirtear mac léinn ar fionraí

Cineál agus tromchúis an iompair

- Cur síos beacht ar an iompar
- Cé chomh dianseasmhach is a bhí an t-iompar do-ghlactha?
- An bhfuil fadhbanna iompair éirithe níos measa, in ainneoin na n-iarrachtaí idirghabhála?

Comhthéacs an iompair

- Cad iad na cúinsí inar tharla na heachtraí mí-iompair thromchúisigh (mar shampla sa rang, i rang múinteora áirithe, sa chlós, i ngrúpa)?
- Cad iad na tarluithe a d'fhéadfadh mí-iompar tromchúiseach a chur sa siúl (m.sh. bulaíocht, gnéithe cultúrtha nó cúrsaí sa bhaile)?
- Cad is aois don mhac léinn, cén staid forbartha ag a bhfuil sé/sí, cén cumas cognaíoch atá aige/aici?
- An bhfuil cúiseanna ar bith atá ar eolas a bhféadfadh baint a bheith acu leis an iompar (m.sh. cúinsí ar leith sa bhaile, riachtanais speisialta oideachais)?

Tionchar an iompair

- Cad é mar a théann iompar an mhic léinn i bhfeidhm ar mhic léinn agus ar fhoireann na scoile?
- Cén tionchar atá ag an iompar ar theagasc agus ar fhoghlaim sa rang?
- An bhfuil tionchar áirithe nó níos mó ag an iompar ar mhic léinn agus ar mhúinteoirí ar leith?
- An dtuigeann an mac léinn tionchar a (h)iompair ar dhaoine eile?

Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo

- Cad iad na hiarrachtaí idirghabhála a rinneadh? Cén tréimhse a bhí i gceist?
- Cad é mar a rinneadh monatóireacht agus taifeadadh ar idirghabháil?
- Cad iad torthaí na hidirghabhála seo?
- An raibh na tuismitheoirí bainteach le réiteach a fháil ar an iompar fabhtach?
- Ar iarradh idirghabháil SNCO (NEPS) nó aon mheasúnú nó chomhairleoireacht shíceolaíochta, nuair b'iomchuí?
- An bhfuil aon idirghabhálacha eile ar fáil amhail piara-eadráin, cineálacha cur chuige ceartais aisríoch nó teaghlach-chomhdháil?
- An bhfuil an mac léinn nó an tuismitheoir bainteach le haon seirbhís tacaíochta agus ar iarradh ar an ngníomhaireacht nó ar an tseirbhís tacaíochta seo le haghaidh cúnaimh chun an fhadhb seo a réiteach?
- Ar lorgáiodh cúnaimh ar aon ghníomhaireacht eile (mar shampla, An Chlinic um Threoir Leanaí, na seirbhísí Leanaí agus Ógánach)?

An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí nó nach ea

- An bhfuil fionraí tuillte ag an mac léinn de bharr an iompair?
- An bhfuil an caighdeán atá in úsáid chun an t-iompar a mheas mar an gcéanna leis an gcaighdeán atá in úsáid chun iompar aon mhic léinn eile a mheas?

Tionchar féideartha na fionraí

- An gceadóidh an fhionraí d'idirghabhálacha breise nó malartacha?
- An gcuideoidh an fhionraí leis an mac léinn a (h)iompar míchuí a athrú?
- Cén chaoi a gcabhróidh an fhionraí le múinteoirí nó le mic léinn eile a ndeachaigh an t-iompar i bhfeidhm orthu?
- An rachaidh aon leochaileacht oideachais sa mhac léinn in olcas de bharr na fionraí?

Fionraí mar chuid de phlean bainistíochta iompair

Ba chóir d'fhionraí bheith mar chuid de phlean chun dul i ngleic le hiompar an mhic léinn. Ba chóir don fhionraí:

- cuidiú leis an scoil spricanna iompair a chur ar bun leis an mac léinn agus lena t(h)uismitheoirí
- deis a thabhairt d'fhoireann na scoile idirghabháil eile a phleanáil
- tromchúis an iompair a chur ina luí ar an mac léinn agus ar a t(h)uismitheoirí.

11.4 Cineálacha fionraí

Fionraí láithreach

I gcúinsí eisceachtúla féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeadh láithreach leantach an mhic léinn ag an am sin mar fhíorbhagairt do shábháilteacht na mac léinn nó foirne na scoile, nó do dhuine ar bith eile. Ní foláir gnáthaimh chóra a chur i bhfeidhm i gcónaí.

Fionraí le linn scrúduithe Stáit

De ghnáth ba chóir don Bhord Bainistíochta an smachtbhanna seo a cheadú agus ní chaithfear é seo a úsáid ach nuair a bhíonn:

- bagairt do dhea-ordú i réachtáil an scrúdaithe
- bagairt do shábháilteacht na mac léinn agus daoine eile
- bagairt do cheart gach mic léinn eile leis an scrúdú a dhéanamh in atmaisféar suaimhneach.

Ní mór don smachtbhanna bheith mar fhreagra comhréireach ar iompar. Mar shampla, ní chuirfí i bhfeidhm ach go hannamh é más é seo an chéad uair a bhí mí-iompar i gceist leis an mac léinn áirithe seo, ach amháin i gcás go mbíonn bagairt ina fadhb do dhea-reáchtáil an scrúdaithe.

Ba chóir an smachtbhanna seo a chur i bhfeidhm mar a dhéanfaí i gcásanna fionraí eile, agus ba chóir prionsabail agus nósanna imeachta na ngnáthamh cóir, a bhaineann le fionraithe, a chur i bhfeidhm.

Tá treoir ar fáil do scoileanna san fhoilseachán *Best Practice concerning Certificate Examinations* de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

'Uathfhionraí'

Is féidir le Bord Bainistíochta a chinneadh, mar chuid de pholasaí na scoile maidir le smachtbhannaí, agus i ndiaidh próisis chomhairliúcháin leis an bPríomhoide, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le mic léinn, gur chóir go mbeadh fionraí ag gabháil le hiompar ainmnithe áirithe mar smachtbhanna. Ní bhaintear an dualgas, ámh, próiseas cuí an dlí agus nósanna imeachta a chomhlíonadh, le cinneadh uathfhionraí a bheith ag gabháil le hiompar ar leith.

Úsáid mhíchuí fionraí

De ghnáth ní chuirfí mac léinn ar fionraí ar na cúiseanna seo a leanas:

- drochfheidhmíocht acadúil
- drochfhreastal scoile nó a bheith mall
- mionsáruithe ar an gcód iompair.

Is tromchúiseach an scéal é, ámh, má tá iompar leanúnach ann a chuireann isteach ar fhoghlaim agus a d'fhéadfadh a bheith dainséarach. Ní foláir scrúdú a dhéanamh ar iompar agus é i gcomhthéacs chun tuiscint a fháil ar an iompar féin agus ar an bhfreagra nó an smachtbhanna is iomchuí sa chás áirithe sin.

Fionraí ar bhonn atrátha

Ní cóir an mac léinn a chur ar fionraí arís go luath tar éis dó/di filleadh ar an scoil tar éis tréimhse fionraí eile ach amháin i gcás:

- go bhfuil siad i mbun mí-iompair thromchúisigh a bhfuil gá an mac léinn a chur ar fionraí dá bharr
- go bhfuil gnáthaimh chóra á gcomhlíonadh ina n-iomláine
- gurb ionann an caighdeán atá curtha i bhfeidhm chun an t-iompar a bhreithniú agus an caighdeán atá curtha i bhfeidhm chun iompar mic léinn ar bith eile a bhreithniú.

Fionraí neamhfhoirmiúil nó neamhadmhálach

Is é atá i gceist le fionraí ná mac léinn a eisiádh ar feadh roinnt den lá scoile, mar smachtbhanna, nó iarraidh ar thuismitheoirí leanbh a choinneáil ón scoil. Ba chóir go mbreathnódh an scoil agus na thuismitheoirí ar aon eisiádh a éilíonn an scoil mar fhionraí, agus caithfear na Treoirlínte a bhaineann le fionraí a chomhlíonadh.

Fionraí neamhiata

Ní cóir mac léinn a chur ar fionraí ar feadh tréimhse éiginnte. Mheasfaí fionraí mar seo a bheith ina díbirt *de facto* agus phléifí leis mar seo faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*.

11.5 Nósanna imeachta i ndáil le fionraí

Éilítear ar scoileanna de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra nuair atá sé beartaithe acu mac léinn a chur ar fionraí (féach **10.3** agus **10.4** le haghaidh tuilleadh sonraí). Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, ba chóir don scoil na nósanna imeachta seo a leanas a urramú:

- an mac léinn agus a t(h)uismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán
- an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhic léinn freagra a thabhairt.

An mac léinn agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas

Cuir an mac léinn agus na tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an ngearán, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh fionraí a bheith mar thoradh air. Féadfar tuismitheoirí a chur ar an eolas ar an teileafón, nó i scríbhinn, ag brath ar thromchúis an iompair. Tá buntáiste ag baint le tuismitheoirí a chur ar an eolas i scríbhinn sa mhéid go gcinntíonn sé seo go bhfuil taifead foirmiúil buan ann a chuireann an scéal i bhfios do na tuismitheoirí. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil na tuismitheoirí soiléir maidir leis na nithe atá á gcur i leith a mic/n-ínine. Tá feidhm thábhachtach aige seo sa mhéid go leagann sé béim do na tuismitheoirí ar a thromchúisí is a cheapann an scoil an t-iompar seo a bheith.

Deis freagra a thabhairt

Ba chóir an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus don mhac léinn freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Is deis mhaith cruinniú a bheith ann leis an mac léinn agus leis na tuismitheoirí ionas gur féidir leo a scéal a insint agus ceisteanna a chur faoin bhfianaise gur tharla mí-iompar, go háirithe nuair atá díospóid ann faoi na fíricí. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé a bheith ina dheis do na tuismitheoirí a gcás a chur i láthair maidir leis an gcaoi is fearr dul i ngleic le hiompar an mhic léinn. Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údarais na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir don scoil taifead a choinneáil de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

Nósanna imeachta i ndáil le fionraí láithreach

I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne nó daoine eile, ba chóir réamh-imscrúdú a réachtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. Ba chóir don imscrúdú foirmiúil gearradh na fionraí a leanúint. Beidh feidhm láithreach ag gach coinníoll a ghabhann le fionraí. Ní cóir d'aon fhionraí, lena n-áirítear fionraí láithreach, a bheith neamh-iata.

I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an mac léinn. Ní foláir don scoil aird a bheith aici ar a dualgas cúraim i leith an mhic léinn. Ní cóir mac léinn a sheoladh abhaile choíche gan na tuismitheoirí a chur ar an eolas ar dtús.

11.6 Tréimhse na fionraí

Ní cóir an mac léinn a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos níos faide ná trí lá, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspoir áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á meas, caithfear an t-ábhar a atreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí in iúl maille leis na torthaí measta.

Féadfaidh gur mhaith leis an mBord Bainistíochta, ámh, an Príomhoide a údarú, le ceadú Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionól go tráthúil, faoi réir na treorach a bhaineann lena leithéid d'fhionraí.

De ghnáth ba chóir don Bhord Bainistíochta teorainn deich lá a chur le tréimhse amháin fionraí ar bith.

Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun mac léinn a chur ar fionraí, i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha. Tá fionraí mar seo faoi réir achomhairc faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* (féach **11.7** Achomhairc).

Tugann na forálacha seo an deis don mhac léinn machnamh ar a n-iompar ach gan an iomarca ama a chailliúint ar scoil. Tugann siad aitheantas do thromchúis an smachtbhanna agus cinntíonn go léirítear an tromchúis seo i nósanna imeachta na scoile. Ciallaíonn na forálacha gur féidir leis an mBord Bainistíochta an fhreagracht deiridh a ghlacadh maidir le smachtbhannaí ar feadh tréimhsí fada, go háirithe mar go bhféadfadh a leithéid seo d'fhionraí fiche lá as láthair i scoilbhliain a shroicheadh agus mar sin go bhféadfaí achomharc a dhéanamh.

11.7 Achomhairc

Ba chóir don Bhord Bainistíochta deis a thabhairt achomharc a dhéanamh ar chinneadh Príomhoide mac léinn a chur ar fionraí. I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta mac léinn a chur ar fionraí (féach **11.6**) féadfaidh an Pátrún próiseas achomhairc a sholáthar.

Achomharc Alt 29

Nuair a bhíonn mac léinn curtha ar fionraí ag scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh iomlán na fionraí ar an mac léinn sin go 20 lá scoile sa scoilbhliain reatha, is féidir leis na tuismitheoirí, nó le mac léinn atá 18 mbliana d'aois nó níos mó, cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*, arna leasú ag an *Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007*.

Ag an am a mbíonn fionraí á cur in iúl do na tuismitheoirí, caithfear insint dóibh agus don mhac léinn faoina gceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* agus caithfear eolas a thabhairt ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh.

Má tá an mac léinn ag freastal ar scoil faoi bhainistíocht Choiste Gairmoideachais (CG), caithfear an t-achomharc a dhéanamh ar an gcéad dul síos don CG. I gcásanna ina dteipeann ar an achomharc don CG, is féidir le tuismitheoirí (nó mac léinn os cionn 18 mbliana d'aois) achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

11.8 An fhionraí a chur i ngníomh

Fógra i scríbhinn

Ní foláir don Phríomhoide fógra i scríbhinn a thabhairt do na tuismitheoirí agus don mhac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:

- tréimhse na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
- fáthanna na fionraí
- clár staidéir ar bith le leanúint
- socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt (mar shampla d'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí athdhearbhú a dhéanamh ar a dtiomantas don chód iompair)
- foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
- foráil achomhairc don CG, más iomchuí
- ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (*an tAcht Oideachais, 1998*, alt 29).

Ba chóir an litir a scríobh i stíl ar féidir leis na tuismitheoirí í a thuiscint. Caithfear aird ar leith a thabhairt ar an gcumarsáid le tuismitheoirí faoina bhfuiltear ar an eolas go bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu, nó i gcás tuismitheoirí nach í teanga na scoile an phríomhtheanga acu.

Teagmháil le mic léinn agus tuismitheoirí

I gcás go gcinntear mac léinn a chur ar fionraí, is féidir uasleas a bhaint as an deis ach cruinniú a bheith ann idir an Príomhoide nó ball foirne eile agus na tuismitheoirí agus béim a leagan ar a bhfreagracht cuidiú leis an mac léinn iad féin a iompar go maith ar fhilleadh chun na scoile dóibh agus treoir a thairiscint dóibh maidir leis seo.

I gcás go ndiúltaíonn na tuismitheoirí bualadh leis an bPríomhoide, beidh an fógra scríofa ina fhógra go bhfuil fionraí á ghearradh.

11.9 Forais chun deireadh a chur le fionraí

Is féidir deireadh a chur le fionraí má chinneann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*.

11.10 I ndiaidh na fionraí

Cuirfear deireadh le fionraí ar an dáta a luadh i litir fhoirmiúil fógra do na tuismitheoirí faoin bhfionraí.

An mac léinn a ath-imeascadh

Ba chóir don scoil plan a bheith aici le cuidiú leis an mac léinn ath-imeascadh ina rang nó ina b(h)liainghrúpa, agus chun teacht suas le hobair scoile a chaill an mac léinn. Cuideoidh an plan seo a chinntiú nach gcuirfidh fionraí leis an teip acadúil. Caithfear tacaíocht a thabhairt don mhac léinn freagracht a ghlacadh as teacht suas leis an obair acadúil. Ní obair acadúil amháin atá i gceist leis an ath-imeascadh. D'fhéadfadh an mac léinn a bhrath feargach nó doicheallach i leith na fionraí, agus is féidir leis na mothúcháin seo tús a chur le fadhbanna le hath-imeascadh agus leanúint le fadhbanna iompair. Nuair is féidir, ba chóir don scoil socrú le ball foirne tacaíocht a thabhairt don mhac léinn le linn phróiseas an ath-imeasctha.

Scláta glan

Nuair a chuirtear deireadh le smachtbhanna ar bith, agus fionraí san áireamh, caithear deis a thabhairt don mac léinn agus tacú leis/léi tosú as an nua. Cé go gcaithfear taifead a choinneáil ar an iompar agus ar smachtbhanna ar bith a cuireadh i bhfeidhm, a luaithe is a chuirtear deireadh leis an smachtbhanna, ní mór don scoil na hionchais chéanna a bheith aici maidir leis an mac léinn seo agus atá aici maidir le gach mac léinn eile i dtaca le hiompar.

11.11 Taifid agus tuairiscí

Taifid imscrúdaithe agus cinnteoireachta

Ba chóir taifid fhoirmiúla/scríofa a choinneáil ar:

- an imscrúdú (agus nótaí ar gach agallamh)
- an bpróiseas cinnteoireachta
- an gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh
- fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí.

Tuairisc don Bhord Bainistíochta

Ba chóir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta.

Tuairisc don BNLO

Tá sé de cheangal ar an bPríomhoide fionraithe a thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an BNLO (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000*, alt 21(4)(a)).

11.12 Athbhreithniú ar úsáid fionraí

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Príomhriachtanais: Fionraí

Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:

Go bhfuil polasaí agus nósanna imeachta ar úsáid na fionraí ann atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta, agus ar aon dul leis na Treoirínte seo, agus le ceanglais ar bith eile sa bhreis mar atá leagtha síos ag an bPatrún

A chinntiú go gcuirtear an polasaí in iúl go forleathan

Dea-chleachtais a fhorbairt agus a thairfeadh maidir le húsáid fionraí


Gnáthaimh chóra a bheith ann le haghaidh imscrúdaithe agus cinnteoireachta

Gnáthaimh a bheith ann le tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc

Córas a bheith ann le haghaidh athbhreithnithe rialta ag an mBord Bainistíochta ar úsáid fionraí sa scoil

12

Díbirt



Díbirt

Díbrítear mac léinn as scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiámh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den *Acht Oideachais (Leas), 2000* a chomhlíonadh. Mar chuid den chód iompair, ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil polasaí agus nósanna imeachta ag an scoil le haghaidh díbeartha, atá ag teacht leis na Treoirínte seo agus le haon cheanglas breise arna leagan síos ag an bPátrún.

12.1 An t-údarás mac léinn a dhíbirt

Tá údarás ag an mBord Bainistíochta mac léinn a dhíbirt ón scoil. Ar mhaithe le dea-chleachtas ba chóir don údarás sin bheith forchoimeáda don Bhord agus ní cóir é a tharmligean.

Scoileanna agus Coláistí arna mbunú nó arna gcothabháil ag Coiste Gairmoideachais

I gcás na scoileanna agus na gcoláistí a bhunaigh an Coiste Gairmoideachais, nó atá á gcothabháil ag an gCoiste Gairmoideachais, tá an t-údarás ag an CG an mac léinn a dhíbirt as an scoil. Féadfaidh an CG an t-údarás seo a chineadh do Bhord Bainistíochta na scoile faoi alt 31 den *Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001*. Ba chóir don CG a chinntiú go bhfuil raon an údaráis a tugadh ag teacht le forálacha na dTreoirínte seo, le hAirteagail Bhainistíochta agus/nó le Múnla-Chomhaontú agus le gach ceanglas dlí iomchuí.

Ba chóir do dhíbirt a bheith ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn.

12.2 Na forais le haghaidh díbeartha

Ba chóir go mbeadh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair. Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarracht a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú
- a chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh
- a chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chioradh
- cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair, Seirbhís Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta).

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt forais thromchúiseacha, mar shampla:

- go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil
- go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Féadfaidh na forais le haghaidh díbeartha a bheith cosúil leis na forais le haghaidh fionraí. Chomh maith leis na tosca amháil tromchúis agus leanúnachas an iompair, an difríocht is mó eatarthu ná i gcás díbeartha go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le hathrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

‘Uathdhíbirt’

Is féidir le Bord Bainistíochta a chinneadh, mar chuid de pholasaí na scoile maidir le smachtbhannaí, agus i ndiaidh próisis chomhairliúcháin leis an bPríomhoide, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le mic léinn, gur chóir go ngabhfadh díbirt le hiompar ainmnithe áirithe mar smachtbhanna. Níl an scoil saor ó dhualgas phróis chuí an dlí agus nósanna imeachtaí a chomhlíonadh, áfach, nuair atá cinneadh á dhéanamh uathdhíbirt a bheith ag gabháil le hiompar ainmnithe.

Díbirt do chéad chion

Is féidir go mbeadh cúinsí eisceachtúla ann ina mbíonn an Bord Bainistíochta den tuairim go gcaithfear an mac léinn a dhíbirt do chéad chion. Seo a leanas na cásanna ina mbeadh sin amhlaidh – is é sin gan an mac léinn ach a bheith tar éis an cód a shárú uair amháin:

- bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill foirne
- foréigean nó ionsaí iarbhír
- ag soláthar drugaí mídhleathacha do dhaltaí eile sa scoil
- ionsaí gnéasach.

12.3 Cinneadh a dhéanamh cé chomh hoiriúnach is atá sé mac léinn a dhíbirt

Sa mhéid go bhfuil sé chomh tromchúiseach sin mac léinn a dhíbirt mar smachtbhanna ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú an-sonrach a dhéanamh ar raon tosca nuair atá cinneadh á ghlacadh acu mac léinn a dhíbirt.

Tosca le breithniú sula mbeartaítear mac léinn a dhíbird

Cineál agus tromchúis an iompair

- Cad é an cur síos beacht ar an iompar?
- Cé chomh dianseasmhach is a bhí an t-iompar do-ghlactha agus cén tréimhse ama a bhí i gceist?
- An bhfuil fadhbanna iompair éirithe níos measa, in ainneoin idirghabhálacha na scoile?

Comhthéacs an iompair

- Cad iad cúinsí teagmhais an mhí-iompair is tromchúisí (mar shampla sa rang, i rang múinteora áirithe, sa chlós, i ngrúpa)?
- Cad iad na cúinsí a thosaigh nó a spreag an mí-iompar (mar shampla bulaíocht, cúinsí cultúrtha nó teaghlaigh)?
- An bhfuil cúiseanna ar bith atá ar eolas ar féidir baint a bheith acu leis an iompar (m.sh. cúinsí ar leith sa bhaile, riachtanais speisialta oideachais)?

Tionchar an iompair

- Cad é mar a théann iompar an mhic léinn i bhfeidhm ar mhic léinn agus ar fhoireann na scoile?
- Cén tionchar atá ag an iompar ar theagasc agus ar fhoghlaim sa rang?

Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo

- Cad iad na hiarrachtaí idirghabhála a rinneadh? Cén tréimhse a bhí i gceist?
- Cad é mar a rinneadh monatóireacht agus taifeadadh ar idirghabháil?
- Cad iad torthaí na hidirghabhála seo?
- An raibh na tuismitheoirí bainteach le réiteach a fháil ar iompar achrannach?
- Ar iarradh idirghabháil SNCO (NEPS) nó aon mheasúnú nó aon chomhairleoireacht shíceolaíochta, nuair b'iomchuí?
- An bhfuil an mac léinn nó an tuismitheoir bainteach le haon seirbhís tacaíochta agus ar iarradh ar an ngníomhaireacht nó ar an tseirbhís tacaíochta seo le haghaidh cúnamh chun an fhadhb seo a réiteach?
- Ar lorgáidh cúnamh ar aon ghníomhaireacht eile (mar shampla, An Chlinic um Threoir Leanaí, na seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh)?
- An bhfuil an Bord sásta nach féidir aon idirghabháil eile a thriail nó nach dócha go n-éireoidh le hidirghabháil eile cuidiú leis an mac léinn a (h)iompar a athrú?

An freagra comhréireach an díbird?

- An bhfuil iompar an mhic léinn tromchúiseach go leor chun díbird a thuilleamh?
- An bhfuil an caighdeán atá in úsáid chun an t-iompar a mheas mar an gcéanna leis an gcaighdeán atá in úsáid chun iompar aon mhic léinn eile a mheas?

An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díbird

- Cé chomh mór is a chuirfeadh díbird le haon leochaileacht oideachais nó shóisialta atá ag an mac léinn?
- An mbeidh an mac léinn in ann páirt a ghlacadh san oideachais lena p(h)iaráí agus leas a bhaint as an oideachas sin?
- I gcás mic léinn atá faoi chúram, cad iad na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an díbird ar shocruithe cúraim?

Úsáid mhí-oiriúnach díbeartha

Ní cóir díbert a mholadh mar gheall ar:

- dhrochfheidhmíocht acadúil
- dhrochfhreastal scoile nó a bheith mall
- mhionsárú ar an gcód iompair.

Is tromchúiseach an scéal é, ámh, má tá iompar leanúnach ann a chuireann isteach ar fhoghlaim agus a d'fhéadfadh a bheith dainséarach. Ní foláir scrúdú a dhéanamh ar iompar agus é i gcomhthéacs chun tuiscint a fháil ar an iompar féin agus ar an bhfreagra nó an smachtbhanna is iomchuí sa chás áirithe sin.

12.4 Nósanna imeachta i ndáil le díbert

Éilítear ar scoileanna de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra arna leagan síos faoin *Acht Oideachais (Leas), 2000*, nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbirt ón scoil (féach **10.3** agus **10.4** le haghaidh tuilleadh eolais maidir le gnáthaimh chóra). I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fírí go bhféadfaí mac léinn a dhíbirt de bharr a n-iompair, d'áireodh na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

1. Imscrúdú sonrath faoi stiúir an Phríomhoide.
2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide, agus éisteacht a réachtáil.
4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta.
5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Glactar leis sna nósanna imeachta seo gurb é an Bord Bainistíochta an foras cinnteoireachta maidir le díbertí.

Is don Bhord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh cad iad na tascanna sna céimeanna gnásúla seo a mbeadh gá cruinnithe ar leithligh a bheith ann dóibh agus cad iad na tascanna a bhféadfaí iad a chur i gcrích i gcrúinniú amháin, i gcomhréir le fógra cuí a thabhairt do thuismitheoirí agus am cóir réasúnta a thabhairt d'éisteacht Boird.

Céim 1. Imscrúdú sonrath arna sheoladh faoi stiúir an Phríomhoide

Agus imscrúdú á dhéanamh ar líomhain, de réir gnáthamh cóir, ba chóir don Phríomhoide:

- an mac léinn agus na thuismitheoirí a chur ar an eolas faoin mhí-iompar líomhnaithe, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbert a bheith mar thoradh air sin
- gach deis a thabhairt do na thuismitheoirí agus don mhac léinn freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

Ba chóir thuismitheoirí a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an mí-iompar líomhnaithe agus an t-imscrúdú atá beartaithe ionas go mbeadh taifead buan acu gur cuireadh é seo in iúl dóibh. Cinntíonn sé seo freisin

go bhfuil na tuismitheoirí ar an eolas ar a bhfuil sé líomhnaithe go ndearna a mac nó a n-iníon. Chomh maith leis sin, feidhmíonn sé le béim a leagan, do na tuismitheoirí, ar a thromchúisí is a mheasann an scoil an mí-iompar sin a bheith.

Ba chóir go mbeadh gach deis ag na tuismitheoirí agus an mac léinn freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach i gceist sula nglacfar cinneadh maidir le fírinne na líomhna, agus sula ngearrtar smachtbhanna. I gcás go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh ar an imscrúdú, tá sé riachtanach go mbeadh cruinniú ann leis an mac léinn agus na tuismitheoirí. Tugann sé seo an deis dóibh a dtaobh den scéal a insint agus ceisteanna a chur maidir leis an bhfianaise atá ann gur tharla mí-iompar tromchúiseach, go háirithe nuair atá díospóid ann maidir leis na fíricí. Féadfaidh sé seo a bheith ina dheis, freisin, do thuismitheoirí a gcás a dhéanamh go laghdófaí an smachtbhanna, agus go ndéanfadh an scoil agus na tuismitheoirí féidearthachtaí eile a chíoradh chun dul i ngleic le hiompar an mhic léinn.

Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir don scoil taifead a choinneáil de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

Céim 2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta

I gcás go bhfuil an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an imscrúdú ar an mí-iompar líomhnaithe, go bhfuil díbirt tuillte ag an mac léinn, cuireann an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta díbirt a bhreithniú. Ba chóir don Phríomhoide:

- a chur in iúl do na tuismitheoirí agus don mhac léinn go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú
- a chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí: ar na líomhaintí in aghaidh an mhic léinn; ar an imscrúdú; agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú
- na taifid chuimsitheacha chéanna a sholáthar don Bhoird Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí
- na tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin
- comhairle a chur ar na tuismitheoirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta
- a chinntiú gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí ionas go bhféadfaidís ullmhú don éisteacht.

Céim 3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide: agus éisteacht a reáchtáil

Tá sé mar fhreagracht ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an réamh-imscrúdú agus a bheith deimhin de gur reáchtáladh an t-imscrúdú i gceart de réir gnáthaimh chóra. Déanfaidh an Bord a athbhreithniú féin ar an doiciméadú go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Ba chóir don Bhoird a chinntiú nach bhfuil aon duine a raibh aon pháirt aige/aici sa chás mar chuid de bhreithniúcháin an Bhoird (mar shampla, ball den Bhoird a bheadh tar éis rud a líomhain in aghaidh mic léinn).

I gcás go gcinneann Bord Bainistíochta mac léinn a dhíbert, ní foláir dó éisteacht a reáchtáil. Ba chóir an cruinniú Boird a úsáidtear d'fhonn éisteacht a bheith ann a reáchtáil de réir nósanna imeachta an Bhoird. Ag an éisteacht, cuireann an Príomhoide agus na tuismitheoirí, nó an mac léinn atá ocht mbliana déag d'aois, nó níos sine, a gcás os comhair an Bhoird i láthair a chéile. Ba chóir an deis a thabhairt do gach páirtí a gcás a dhéanamh agus cead a bheith acu fianaise an pháirtí eile a cheistiú. Féadfaidh an cruinniú deis a thabhairt freisin do thuismitheoirí a gcás a dhéanamh le go maolófaí an smachtbhanna. Agus an éisteacht á reáchtáil, ba chóir don Bhord a bheith cúramach a chinntiú go bhfuil siad neamhchlaonta agus go bhfuil an chuma air go bhfuil siad neamhchlaonta, amhail idir an Príomhoide agus an mac léinn. D'fhéadfadh gur mhian leis na tuismitheoirí duine a bheith leo ag an éisteacht agus ba chóir don Bhord é seo a éascú, ag teacht leis an deachleachtas agus de réir nósanna imeachta an Bhoird. Tar éis don Bhord an dá thaobh den scéal a chlos ba chóir dó a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide agus na tuismitheoirí i láthair i rith bhreithniúcháin an Bhoird.

Céim 4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta

Tar éis don Bhord clos ó na páirtithe uile, tá sé mar fhreagracht ar an mBord a chinneadh cibé acu an bhfuil bunús leis an líomhain agus, má tá, cibé acu an cóir an mac léinn a dhíbert nó nach cóir.

I gcás go bhfuil firicí uile an cháis breithnithe ag an mBord Bainistíochta, agus go bhfuil an Bord den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbert ní foláir don Bhord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis an tuairim seo (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*). Ba chóir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbert. Ní féidir an mac léinn a dhíbert go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO an fógra i scríbhinn (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*).

Éireoidh le hachomharc in aghaidh díbeartha, go huathoibríoch faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* más féidir a léiriú nár cuireadh an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas de réir alt 24(1) nó nach bhfuil fiche lá caite ón dáta a fuair an tOifigeach Leasa Oideachais fógra go dtí cur i ngníomh na díbeartha (*An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007, a4A*).

Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina thátail agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbert ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais.

Céim 5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais

Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachais fógra ó Bhord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu mac léinn a dhíbert, ní foláir don Oifigeach Leasa Oideachais:

- gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairliúcháin aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, leis na tuismitheoirí agus leis an mac léinn, agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt
- cruinniú a thionól leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 24*).

An cuspóir atá leis na comhairliúcháin agus leis an gcruinniú ná a chinntiú go ndéantar socruithe le go leanfadh an mac léinn lena n-oideachas. D'fhéadfadh comhaontú a bheith mar thoradh ar na comhairliúcháin seo maidir le hidirghabháil mhalartach a sheachnódh díbert. I gcás nach bhfuil sé de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ámh, sa ghearrthéarma ar aon chuma, ba chóir don chomhairliúchán díriú ar fhéidearthachtaí oideachais eile.

Ar mhaithe le leas oideachais an mhic léinn, ba chóir dóibh siúd atá páirteach sa chás teacht le chéile leis an Oifigeach Leasa Oideachais agus pleanáil le haghaidh todhchaí oideachais an mhic léinn.

Go dtí go gcríochnófar na comhairliúcháin seo faoi leanúnachas an mhic léinn san oideachas, féadfaidh an Bord Bainistíochta céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go gcoinnítear smacht agus go gcinntítear sábháilteacht na mac léinn (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a45(5)*). Féadfaidh an Bord a bheith den tuairim go bhfuil sé oiriúnach an mac léinn a chur ar fionraí ag an am seo. Ní cóir fionraí a bhreithniú ach amháin más dócha go gcuirfeadh sé isteach go mór ar fhoghlaim na mac léinn eile dá bhfanadh an mac léinn seo sa scoil, nó go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht na mac léinn eile nó na foirne.

Céim 6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachais fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt (d'fhéadfaí an tasc seo a tharmligean ar an gCathaoirleach nó ar an bPríomhoide). Ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt. Ba chóir insint do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh ar a bhféadfaidís a n-achomharc a thaisceadh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh mac léinn a dhíbirt.

12.5 Achomhairc

Is féidir le tuismitheoir, nó le mac léinn atá níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, (faoin *Acht Oideachais, 1998, alt 29*). Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar son mic léinn.

Má tá an mac léinn ag freastal ar scoil faoi bhainistíocht Choiste Gairmoideachais (CG), caithfear an t-achomharc a dhéanamh ar an gcéad ásc don CG. I gcásanna ina gcuirtear achomharc don CG i gcrích, is féidir le tuismitheoirí, nó leis an mac léinn atá níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, dul ar aghaidh agus achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

An próiseas achomhairc

Tosaíonn an próiseas faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* le hidirghabháil á soláthar ag idirghabhálaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta). Le tuilleadh eolais a fháil faoin bPróiseas Achomharc, agus riachtanais le haghaidh doiciméadúcháin agus na céimeanna sa phróiseas, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

12.6 Athbhreithniú ar úsáid díbeartha

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin úsáide a scrúdú chun gnéithe a shainiú a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchair ar iompar sa scoil agus a chinntiú go n-úsáidtear díbirt go hiomchuí.

Príomhriachtanais: Díbert

Is é a chiallaíonn na Treoirínte a chur i ngníomh:

Go bhfuil polasaí agus nósanna imeachta ar úsáid díbeartha ann atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta, agus ar aon dul leis na Treoirínte seo, agus le ceanglais ar bith eile sa bhreis mar atá leagtha síos ag an bPatrún

A chinntiú go gcuirtear an polasaí in iúl go forleathan

Dea-chleachtais a fhorbairt agus a thairfeadh maidir le húsáid díbeartha

Gnáthaimh chóra a bheith ann le haghaidh imscrúdaithe agus cinnteoireachta

Gnáthaimh a bheith ann le tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc

Go mbeidh córas ann le haghaidh athbhreithnithe ag an mBord Bainistíochta ar úsáid díbeartha sa scoil

Sainghrúpa

Cheap an BNLO Sainghrúpa chun cuidiú leis an mBord na Treoirí seo a fhorbairt. Is iad seo a leanas comhaltaí an tSainghrúpa:

An Dr Seán Carey

Príomhshíceolaí, Teach Mhichíl Naofa, Baile Átha Cliath

Elizabeth Charles, Uasal

Síceolaí Sinsearach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Nuala Doherty, Uasal

Stiúrthóir Seirbhísí Leasa Oideachais, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais*

Eileen Fahey, Uasal

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí Leasa Oideachais, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais**

An tUasal John Fitzpatrick

Príomhoide, Bunscoil Naomh Áine, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

Fionnuala Kilfeather, Uasal

Ionadaí tuismitheoirí ar Bhord an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais

An tUasal Fergal McCarthy

Ionadaí ceardchumann múinteoirí ar Bhord an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais

An tSiúr Eileen Randles

Ionadaí bainistíochta scoile ar Bhord an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais

Clare Ryan Uasal

Príomhoide, Meánscoil Naomh Leo, Ceatharlach

An tUasal Eddie Ward

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

An tOllamh Gerry Whyte

Comh-Ollamh le Dlí, Scoil an Dlí, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide

Thug na daoine seo a leanas tacaíocht d'obair an tSainghrúpa:

Anne Colgan, Uasal

Comhairleoir Polasaí, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Mary Rafferty, Uasal

Comhairleoir maidir le Forbairt Eagraíochta

*D. Fómhair 2006 – faoi láthair

** Nollaig 2005 – D. Fómhair 2006

Leabharliosta

Reachtaíocht agus ionstraimí dlíthiúla iomchuí*

Bunreacht na hÉireann: Constitution of Ireland (1939, arna leasú) Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (1950) Comhairle na hEorpa (<http://www.coe.int>)

Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (1989) Na Náisiúin Aontaithe (<http://www2.ohchr.org/english/law/pdf/crc.pdf>)

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais, 1998*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais (Leas), 2000*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Gairmoideachais, 1930*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Gairmoideachais (Leasú), 2001*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine, 1997*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Míchumas, 2005*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Chomhionannas, 2004*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Stádas Comhionann, 2000*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht um Lán-aois, 1985*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

* Is féidir amharc ar reachtaíocht ag <http://www.irishstatutebook.ie>

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Ciorcláin agus foilseacháin iomchuí)

Riail 130 (arna leasú ag Ciorclán 7/88), *Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (1965)*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ciorclán 20/90: *Guidelines towards a positive policy for school behaviour and discipline, and a suggested code of behaviour and discipline for national schools.*

Ciorclán M33/91: *Guidelines towards a positive policy for school behaviour and discipline: A suggested school code of behaviour and discipline for post-primary schools.*

Gníomhais Iontaobhais agus Airteagail Bhainistíochta

Articles of Management for Catholic Secondary Schools (1998)

Boards of Management of National Schools (2003) *Constitution of Boards and Rules of Procedure*

The Deed of Trust for Community Schools

Original Instrument and Articles of Management for Comprehensive Schools (*leasaithe le haghaidh scoileanna áirithe*)

Tagairtí

Archbold C. agus Irvine C. (2002) *Consulting with Children and Young People: The Office of Law Reform's Experience*, Child Care in Practice, Vol. 8, No. 1.1.

Birmingham City Council Education Department. (2003) *Framework for Intervention: Learning Behaviour Together*. (<http://atschool.eduweb.co.uk/outlooks>)

Blatchford, P. agus Sharp, S. (1994) *Breaktime and the School: Understanding and Changing Playground Behaviour*, Routledge.

Department for International Development, UK. (2004) *Learning to listen: DFID's action plan on children and young people's participation*. (<http://www.dfid.gov.uk/Pubs/files/learningtolisten.pdf>)

Department of Education, Northern Ireland. (1998) *Promoting and Sustaining Good Behaviour: A Discipline Strategy for Schools*.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (2006) *School Matters: The Report of the Task Force on Student Behaviour in Second Level Schools*. (http://www.education.ie/servlet/blobServlet/tfsb_index.htm)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (2001) *Pastoral Care in Schools: Promoting Positive Behaviour*.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (1993) *Guidelines on Countering Bullying Behaviour in Primary and Post Primary Schools*.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (2007) *Special Educational Needs: A continuum of support*. Resource Pack for Teachers.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta & An tÚdarás Comhionannais. (2nd edition) (2005) *Schools and the Equal Status Acts*. (<http://www.equality.ie>)

An Roinn Sláinte agus Leanaí, Éire. (1999) *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*.

Dwyer, P. (2003) *Achieving Positive Behaviour: A Practical Guide*. Centre for Education Services, Coláiste Mhuire, Marino.

An tÚdarás Comhionannais. (2002) *Code of Practice on Sexual Harassment and Harassment at Work*. (<http://www.equality.ie>)

Farrington, D, Sutton, C. agus Utting, D. (2006) *Nipping criminality in the bud*, *The Psychologist*, Vol. 19, No. 8, 470–479. (<http://www.thepsychologist.org.uk>)

Frederickson, N. agus Cameron, R.J. (eds.) (1999) *Psychology in Education Portfolio*, NFER-Nelson.

Gilligan, R. (2003) *Promoting Children's Resilience – Some Reflections*. (Paper presented at the Launch Event for the Glasgow Centre for the Child and Society).

Glendenning, D. agus Binchy, W. (eds.) (2005) *Litigation against Schools: Implications for School Management*. First Law.

Gourley, P. (1999) *Teaching Self-control in the Classroom: A Cognitive Behavioural Approach*. Lucky Duck Publishing.

Guindon, J. (1992) *Developing an In-school Suspension Programme in an Elementary School as an alternative to Home-bound Suspension*. Nova University.

Horner, R. H. (2000) *A Schoolwide Approach to Student Discipline*. *School Administrator*, February 2000.

Cumann Múinteoirí Éireann. (2002) *Discipline in the Primary School*. (<http://www.into.ie/ROI/publications/INTOPublications>)

Cumann Múinteoirí Éireann. (2003) *Supporting Special Education in the mainstream school*. (<http://www.into.ie/ROI/publications/INTOPublications>)

Kohn, A. (1996) *Beyond Discipline: From Compliance to Community*. Association for Supervision and Curriculum Development, Alexandria, Virginia.

McAuley, K. agus Brattman, M. (2003) *Hearing Young Voices: Guidelines for Consulting Children and Young People in relation to Developing Public Policy and Services in Ireland*. Open Your Eyes to Child Poverty Initiative. Baile Átha Cliath.

Martin, M. (1997) *Discipline in Schools Report for the Minister of Education*, Government of Ireland, Department of Education & Science. (<http://www.education.ie>)

- Mason, J. agus Fattore, T. (eagg.) (2005) *Children Taken Seriously in Theory, Policy and Practice*. Jessica Kingsley Publishers.
- Moore, A. M. (eag.) (1997) *Bullying Behaviour in Schools*. The Irish Journal of Psychology, special edition Vol. 18, No. 2, The Psychological Society of Ireland.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2004) *Moving Up: The Experiences of First-Year Students in Post-Primary Education*. National Council for Curriculum and Assessment. (<http://www.ncca.ie>)
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. (2005) *Submission to Task Force on Student Behaviour*.
- An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais. (2007) *Guidelines for Reporting Student Absences & Expulsions: Primary and Post Primary Schools*.
- Office for Standards in Education. (2005) *Managing Challenging Behaviour*. (<http://www.ofsted.gov.uk/publications>)
- Report from the Office of Her Majesty's Chief Inspector of Schools. (1999) *Principles into Practice: Effective Education for Pupils with Emotional and Behavioural Difficulties*. Ofsted Publications. (<http://www.ofsted.gov.uk/publications>)
- Sullivan, K. (2001) *The Anti-Bullying Handbook*. Oxford University Press.
- Trotter, C. (1999) *Working with Involuntary Clients: A Guide to Practice*. Sage Publications.
- Tyrrell, J. agus Farrell, S. (1995) *Peer Meditation in Primary Schools*. Centre for the Study of Conflict, University of Ulster at Coleraine.
- Visser, J. agus Cole, T. (2003) *A Study of Children and Young People who Present Challenging Behaviour*. University of Birmingham School of Education.
- Wallace, F. (2001) *Just Stop and Think: Helping Children Plan to Improve their own Behaviour*. Lucky Duck Publishing.
- Wallace, F. agus Caesar, D. (1995) *Not You Again! Helping Children Improve Playtime and Lunchtime Behaviour*. Lucky Duck Publishing.
- Wheatley, S. agus Spillane, G. (2001) *Home and Away: A Literature Review of School Absenteeism and Non-Engagement Issues*. Victorian Statewide School Attachment and Engagement Planning and Interest Group, Melbourne.
- Whyte, G. (2005) *Implications for Schools of Irish Equality Legislation* in Glendenning, D. agus Binchy, W. (eagg.) *Litigation Against Schools: Implications for School Management*. First Law.